



UCC

Coláiste na hOllscoile Corcaigh
University College Cork, Ireland

TUARASCÁIL AN UACHTARÁIN 2023/2024

DEIREADH FÓMHAIR 2023 - MEÁN FÓMHAIR 2024



Ábhar

Réamhrá an Uachtaráin	3
Eolas ar Choláiste na hOllscoile Corcaigh	4
Bliain in COC	5
Plean Straitéiseach COC 2023 – 2028: Go Buan Feasta	7
Rathúlacht na Mac Léinn	11
Coláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta	19
Coláiste an Ghnó agus an Dí	21
Coláiste an Leighis agus na Sláinte	23
Coláiste na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta Bia	25
Taighde agus Nuálaíocht	27
Caidreamh Domhanda	31
Ár bhFoireann, Ár gCultúr	34
Ár nÁit, Lorg Ár gCos	36
Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú	40
Alumni agus Forbairt	42
Acmhainní agus Airgeadas	45
Fo-Chuideachtaí	48
Rialachas	50
Tuarisciú Áirithe ar na Meáin	54



Réamhrá an Uachtaráin



Tá níos mó na 25,000 mac léinn cláraithe i gColáiste na hOllscoile Corcaigh, ollscoil taighde a bhfuil dea-theist uirthi as a cuid cúrsaí acadúla agus as an eispéireas iontach a bhíonn ag mic léinn anseo. Bíodh is gur Éireannaigh (79%) dár gcuid mac léinn, díol suntas líon na mac léinn idirnáisiúnta ó thíortha an AE agus ó thíortha eile nach iad. Faoi réir ag ár gcuspóirí straitéiseacha, tháinig méadú 11% le linn bhliain na tuarascála ar mhic léinn fochéime idirnáisiúnta agus méadú 32% ar mhic léinn larchéime idirnáisiúnta. D'fhan líon na mac léinn Éireannach mar a bhí riamh.

Agus sinn ag teacht chuig ár 180ú bliain sa bhliain 2025, tá sé i gceist againn ár gcuid cuspóirí atá leagtha amach in *Go Buan Feasta: Plean Straitéiseach 2023 -2028* chun ár bhfís a chomhlíonadh daoine a nascadh le chéile agus a chumasú chun eolas a chruthú a mhúnlóidh domhan atá inbhuanaithe agus ionchuimsitheach. Dob í bliain na tuarascála an chéad bhliain acadúil iomlán inar cuireadh an Plean i bhfeidhm agus chuireamar lenár gcuid taighde agus nuálaíochta agus na deich réimse théamacha de

chuid Thodhchaíochtaí COC á seoladh againn. Cuireann an creat taighde eagraíochtúil seo ardán cruthaitheach, ionchuimsitheach agus claochlaitheach ar fáil agus bristear teorainneacha idir disciplíní chun cuid de mhórfhadhbanna an domhain a réiteach. D'éirigh thar barr lenár gcuid taighdeoirí. Fuaireadar níos mó maoinithe taighde ná riamh. Sheoladar fo-chuideachtaí nua. Chuireadar nuálaíocht chun cinn ar shlíthe a chuireann go díreach le rathúlacht na mac léinn agus a imríonn tionchar ar an tsochaí.

Leanaimid leis an dul chun cinn suntasach ó thaobh rathúlacht na mac léinn de, agus seoladh tionsnamh le linn bhliain na tuarascála ar an bhFoghlaim Chomtháite Oibre chun gníomhaíochtaí ar fud na hollscoile a bhailiú le chéile, a bhfuil sé mar aidhm acu cúrsaí, fostaíochta na mac léinn a fheabhsú. Sheolamar, leis, an chéad chlár printíseachta riamh in COC san Obair Shóisialta, a bhaineann go dlúth leis na bacainní earcaithe sa ghairm sin. Sháraíomar an sprioc a bhí againn le linn na bliana sin maidir le hioncam daonchairdis chun tacú lenár misean a chur i gcrích. Ardaíodh sinn in Ollscoileanna Domhanda QS go dtí 273, 19 n-áit ní b'airde ná an bhliain roimhe. Ghnóthaigh dhá roinn gradaim *Athena Swan* le linn na bliana chomh maith. Deineadh dul chun cinn nach beag i gClár Idirghabhála na bhFéachadóirí agus in COC Ionchuimsitheach, seoladh an Gréasán um Chomhionannas Ciníocha, Míchumas agus Néara-Éagsúlacht, Gréasán Comhghuaillithe Bródúla na Mac Léinn agus comhpháirtíocht thábhachtach le *Mo Chompánach Cainíneach*. Cuireann na gaiscí seo go léir leis an tiomantas seo againne campas atá go hiomlán ionchuimsitheach a chothú.

Cuireadh críoch na linn na bliana leis an infheistíocht ba mhó dá ndearna COC riamh sa chlaochlú digiteach - tionscadal sé bliana chun seirbhísí na mac léinn a uasdátú agus a fheabhsú. Soláthraíodh ann réitigh dhigiteacha tosaigh chun freastal ar riachtanais na mac léinn, laghdaíodh an úsáid a bhaintí as páipéar, cuireadh tús le córais nua um bainistiú curaclaim agus taighde agus um riarachán na mac léinn agus iarratais á ndéanamh acu ar shocrúcháin oibre, agus forbraíodh Mol na Mac Léinn digiteach comhdheartha. Léiríonn

an tionscadal rathúil seo go bhfuil COC meáite ar inbhuanaitheacht, éifeachtúlacht agus ar chur chuige atá dírithe ar dhaoine chun eispéireas saoraídeach, ionrochtana agus réidh don todhchaí a chur ar fáil do mhic léinn.

Leaimid leis an dul chun cinn nach beag i laghdú astaíochtaí agus bhaineamar amach laghdú 32% ar astaíochtaí CO2 iomlána i gcomparáid le leibhéil 2016, rud atá faoi réir ag ár dtiomantas do chuspóirí uaillmhianacha inbhuanaitheachta, lena n-áirítear campus saor ó dhramhaíl faoi 2030 agus neodracht charbóin faoi 2040. D'éirigh linn chomh maith níos mó ná 2 mhilliún cupán aon uaire a shábháil ó cuireadh cosc ar chupáin aon uaire ar fud an champais i mí Eanáir 2023. Aithníodh COC mar an séú hollscoil is inbhuanaithe ar domhan i Rangú Ollscoileanna Domhanda *UI GreenMetric* i mí na Nollag 2023, agus is minic é sa chéad deich n-ollscoil sa rangú seo agus é mar an ollscoil is fearr in Éirinn ó thaobh na hinbhuanaitheachta de.

Cuirtear síos sa tuarascáil *Tionchar Eacnamaíoch agus Sochaíoch 2024* an méid suntasach atá déanta ag COC ar mhaithe leis an ngeilleagar áitiúil agus náisiúnta, leis an tsochaí agus le tionscnaimh taighde dhomhanda. Cruthaíonn COC €1.18 billiún gach bliain chomh maith le €6 mar thoradh ar gach €1 d'infheistíocht an stáit agus tacaíonn sé le níos mó na 21,000 post i gCorcaigh. Faigheann COC níos mó ná €100 milliún mar mhaoiniú in aghaidh na bliana chun gur féidir lena chuid taighde fhairsing an nuálaíocht a chur chun cinn i réimsí ar nós an fhuinnimh inbhuanaithe, na sláinte agus AI. Léirítear sa tuarascáil tiomantas COC do fhreagracht shóisialta, éagsúlacht agus inbhuanaitheacht chomh maith leis an dea-theist atá air ar fud an domhain as tionscnaimh ghlasa agus rochtain ar oideachas mar aon leis an tionchar a imríonn sé chun nuálaíocht a chothú agus comhpháirtíochtaí a bhaineann le mórán réimsí, mar shampla cúram sláinte agus teicneolaíocht.

Rinne COC Abhreithniú Feabhais Institiúideach Náisiúnta (CINTE) sa bhliain 2023 agus foilsíodh an tuairisc i mí Dheireadh Fómhair na bliana sin. Mhaigh an Fhoireann Athbhreithnithe go raibh cultúr tacúil in COC a bhí bunaithe go daingean ar

phrionsabail na cothromaíochta, na trédhearcachta agus na comhghleacaíochta. Cuireadh críoch leis an tríú timthriall den phróiseas Athbreithnithe Feabhais (2016 - 2024) in COC agus ocht gcinn d'Athbhreithnithe Feabhais tagtha chun críche.

Bliain airgeadais dhúshlánach ab ea í do COC nuair a aithníodh easnamh airgeadais ón mbliain roimhe. Glaoch chun gnímh a bhí san easnamh seo agus thugamar ar fad faoi sna réimsí feidhmíochta go léir. Ghlacamar na céimeanna cuí chun cobhsaíocht airgeadais a chinntiú arís, ach measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar ár gcuid córas agus próiseas agus aithníodh na réimsí ina raibh gá le feabhas chun go mbeadh inbhuanaitheacht airgeadais againn arís. Bhí tábhacht nach beag ag an gcur chuige réamhghníomhach seo chun deimhin a dhéanamh de go leanaimid lenár misin a chur i gcrích sa teagasc, san fhoghlaim, sa taighde agus in eispéireas na mac léinn .

Cuireadh athchóirithe rialála i bhfeidhm faoi réir ag Acht an Údaráis um Ard-Oideachas 2022 lenar bunaíodh Údarás Rialaithe nua i mí na Samhna 2023, rud a chruthaigh peirspictíochtaí ceannaireachta nua agus sinn ag plé leis an tréimse aistrithe agus téarnaimh sin. Thugamar faoi thionscnaimh straitéiseacha a bhí dírithe ar inbhuanaitheacht airgeadais, feabhsú rialála, agus éifeachtúlacht oibríochtúil chun cur lenár gcuid rathúlachta amach anseo. Táim lándeimhnitheach go gcinnteoidh na hiarrachtaí seo rathúlacht agus dea-thionchar na hollscoile feasta.

Cúis mhórtais dom an dul chun cinn a dheineamar le linn na bliana agus sinn ag féachaint ar an mbliain 2025 agus ina dhiaidh sinn, beimid ag díriú ar inbhuanaitheacht airgeadais agus ar lántairbhe a bhaint as cumas ár bpobail chun dea-thionchar a imirt.

An tOllamh John O'Halloran
Uachtarán

Eolas ar Choláiste na hOllscoile Corcaigh

Ollscoil chuimsitheach, bunaithe ar thaighde agus ar chúrsaí domhanda is ea Coláiste na hOllscoile Corcaigh (COC) ina bhfuil níos mó ná 25,000 mac léinn, 3,500 ball foirne agus níos mó ná 220,000 alumni ar fud na cruinne. Mol bríomhar teagaisc, taighde agus caidrimh is ea COC agus é an gcampas ollscoile is inbhuanaithe in Éirinn.

Bunaíodh é sa bhliain 1845 agus thosaigh mic léinn ag teacht sa bhliain 1849. Ollscoil na Banríona, Corcaigh a tugadh ar Choláiste na hOllscoile Corcaigh an uair úd agus é ar cheann de thrí cholaiste a bunaíodh faoi Acht Ollscoileanna na Banríona (Éire) 1845. Fís mhisniúil (ag an am) a bhí taobh thiar de bhunú Choláiste na hOllscoile Corcaigh chun oideachas den chéad scoth a chur ar fáil a bhí bunaithe ar phrionsabail an fheabhais, an fhiosrúcháin agus an chomhionannais. Tá na prionsabail chéanna chomh tábhachtach sa lá atá inniu ann agus a bhí siad 180 bliain ó shin. Ó laethana luatha na hollscoile seo againne, tá sí tar éis bláthú mar institiúid a bhfuil cáil idirnáisiúnta uirthi as a cuid léinn, taighde cheannródaíoch agus buantiomantais do chur leis an tsochaí.

Institiúid cheannródaíoch ó thaobh an taighde de is ea COC agus tá dea-theist air sna cúrsaí seo: bia agus an micribhithóm, inbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na hearáide, fótonaic agus fisic chandamach. Tá dlúthnaisc ag COC leis an bpobal, an tionsclaíocht agus an rialtas agus tá fócas gafa láidir le brath ina chuid taighde agus teagaisc.

Cuireann COC an iliomad clár oideachais agus taighde éagsúil ar fáil i 27 scoil laistigh de cheithre Choláiste mar seo a leanas:

Coláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta

- Scoil na Síceolaíochta Feidhmí
- Scoil an Staidéir Shóisialta Fheidhmigh
- Scoil an Oideachais
- Scoil an Bhéarla agus na nDaonnachtaí Digiteacha
- Scoil na Staire
- Scoil na Timpeallachta Comhshaoil: Tíreolaíocht, Seandálaíocht agus Clasaicí
- An Scoil Teangacha, Litríochtaí agus Cultúr
- Scoil Léann na Gaeilge
- An Scoil Scannánaíochta, Ceoil agus Amharclannaíochta
- An Scoil Sochaí, Polaitíochta agus Eitice

Coláiste an Ghnó agus an Dlí

- Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí
- Scoil an Dlí

Coláiste an Leighis agus na Sláinte

- Scoil na Sláinte Poiblí
- Scoil na dTeiripí Cliniciúla
- Scoil na Cógaisíochta
- Scoil an Leighis
- Scoil agus Ospidéal na Fiaclóireachta
- An Scoil Altranais agus Cnáimhseachais

Coláiste na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta Bia

- An Scoil Eolaíochtaí Bitheacha, Domhain agus Comhshaoil
- Scoil na Bithcheimice agus na Cillbhitheolaíochta
- Scoil na Ceimice
- Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta agus Theicneolaíocht na Faisnéise
- Scoil na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta
- Scoil na nEolaíochtaí Bia agus Cothaitheacha
- Scoil na nEolaíochtaí Matamaiticiúla
- Scoil na Micribhitheolaíochta
- Scoil na Fisice



Ar Fhoireann Ceannais na hOllscoile (FCO) tá: (ar chúl ó chlé) an tOllamh Cathal O’Connell, Ceann Choláiste na nEalaíon an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta (eatramhach); an tUas Rory Condon, an Príomhoifigeach Airgeadais agus Oibriúcháin; an Dr Gerard Culley, Stiúrthóir Sheirbhísí TF; an tOllamh Stephen Byrne, an Leas-Uachtarán agus an Clárathóir; an tOllamh Thia Hennessy, Ceann Choláiste an Gnó agus an Dlí; an tOllamh Paul McSweeney, an Leas-Uachtarán Foghlama agus Teagaisc; an tUas Mark Poland, Stiúrthóir na bhFoirgneamh agus na nEastát; an tOllamh John Cryan, Leas-Uachtarán an Taighde agus na Nuálaíochta (chun tosaigh ó chlé) an Dr Jennifer Murphy, Comhairleoir an Uachtaráin (eatramhach); an tUas Ashley Flaherty, an Príomhoifigeach Daoine agus Cultúir; an tOllamh Sarah Culloty, Ceann Choláiste na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta Bia; an tOllamh John O’Halloran, an tUachtarán; an tOllamh Ursula Kilkelly, an Leas-Uachtarán um Chaidreamh Domhanda; an tOllamh Helen Whelton, Ceann Choláistee an Leighis agus na Sláinte; an tUas Nora Geary, An Rúnaí Corparáideach.

Bliain in COC

 25,254 Mac léinn cláraithe	 17,655 Mac léinn fochéime	 7,599 Mac léinn iarchéime	 1,548 Mac Léinn in Aosoideachas Leanúnach
 5,284 Mac Léinn Idirnáisiúnta as 123 tír	 21% de Mic Léinn ar Chosáin Rochtana	 91.5% Ráta Coinneála (Mic Léinn na Chéad Bhliana)	 7,162 Bronnadh Céimeanna
 220k+ alumni ar fud an domhain	 3,638 Ball Foirne Acadúil, Taighde agus Riaracháin	 28% den Fhoireann Acadúil ón iasacht	 An 6ú hOllscoil is inbhuanaithe ar domhan
 €531.9m Mar Ioncam iomlán na Blana	 €121m Mar Ioncam Taighde Dhírigh	 118 Cumann na Mac Léinn	 44 Club na Mac Léinn

Bliain sna Ranguithe

Rangú


	An 273^ú	háit ar Bhonn Domhanda i Rangú Ollscoileanna Domhanda QS
	An 67^ú	háit i Rangú Ollscoileanna Domhanda is mó Tionchar <i>Times Higher Education</i>
	An 6^ú	háit i Rangú Ollscoileanna Domhanda <i>UI GreenMetric</i>
	Banda 301-350	i Rangú Ollscoileanna Domhanda <i>Times Higher Education</i>



UCC Ábhar/Disciplíní a bhí sa chéad 100 de Rangú Ábhar Domhanda

Rganú QS World University de réir Ábhair	
Ábhar/Disciplín	Rangú Domhanda
Altranas	32
Dlí	73
Talmhaíocht agus Foraoiseacht	79
Cógaisíocht agus Cógaseolaíocht	94
Na Taibhealaíona	51-100

Rangú Domhanda Shanghai na nÁbhar Acadúil	
Ábhar/Disciplín	Rangú Domhanda
Fiaclóireacht agus Eolaíochtaí Béil	51-75
Rangú Ábhar <i>US News</i>	
Ábhar/Disciplín	Rangú Domhanda
Na hEolaíochtaí Talmhaíochta	51-75
Micribhitheolaíocht	101-150
Eolaíocht agus Teicneolaíocht an Bhia	101-150



Plean Straitéiseach COC 2023 - 2028: Go Buan Feasta

Ár bhFís

Déanann COC daoine a nascadh le chéile agus cuireann sé ar a gcumas eolas a chruthú a mhúnlaíonn domhan inbhuanaithe agus ionchuimsitheach.

Ár Misean

Tá sé mar mhisean ag COC timpeallacht agus cultúr ionchuimsitheach a chruthú agus a chothú a éascaíonn taighde agus foghlaim chlaochlaithe ar mhaithe leis an tsochaí agus lenár bpláinéad.

Ár Luachanna

Tá ár mbunluachanna mar threoir dár ngníomhartha agus dár bpróisis agus mar thaca leo:

- Comhbhá
- Lúfaireacht
- Ionracas
- Meas
- Fionnachtain
- Cothromas
- Cuntasacht
- Inbhuanaitheacht



I mí Feabhra na bliana 2023, sheol COC plan cúig bliana **Plean Straitéiseach COC 2023 – 2028: Go Buan Feasta**. Tugtar creat sa phlean a chothóidh feabhas inbhuanaithe agus sinn ag cinntiú shaol na hollscoile, an phobail agus an phláinéid amach anseo. Tá an chéad bliain acadúil de chur i bhfeidhm an phlean seo tagtha chun críche anois, agus é tomhaiste faoi réir ag 14 bheart rathúlachta, fad is a bhímid ag obair le chéile chun dul chun cinn an phlean a chinntiú. Tá sé mar aidhm i bPlean Straitéiseach COC go dtí an bhliain 2028:

- ✓ Go mbeadh clú ar COC as a cuid taighde ar leith i sainréimsí feabhais
- ✓ Go mbeadh sé mar ollscoil ina bhfuil timpeallacht atá feabhsaithe ar bhonn digiteach chun curaclam bunaithe ar thaighde a chur ar fáil
- ✓ Go mbéadh sé mar rogha ollscoil sa staidéar iarchéime i sainréimsí taighde den chéad scoth;
- ✓ Go mbeadh sé mar ollscoil chónasctha ina leagtar béim ar thionchar domhanda;
- ✓ Go mbeadh sé mar áit chothrom, chomhionann agus ionchuimsitheach;
- ✓ Go mbeadh caidreamh éifeachtach déanta aige leis na páirtithe leasmhara go léir.

Léigh a thuilleadh faoi
**Plean Straitéiseach COC
2023 – 2028: Go Buan Feasta**



A bhfuil bainte amach againn le linn na bliana:

Tá sé mar aidhm ag Cuspóir 1 taighde agus nuálaíocht a sholáthar a imríonn dea-thionchar agus a chuireann leis an dea-theist ó thaobh taighde ar leith. Ar ghaiscí na bliana bhí: tús a chur le dhá dheontas nua de chuid Chomhairle Taighde na hEorpa (ERC); 146 dámhachtain *Horizon Europe* dar luach €108 milliún agus ceithre mhac-chuideachta a sheoladh.

Tá sé mar aidhm ag **Cuspóir 2** timpeallacht dhigiteach foghlama agus ionchuimsitheach a chur ar fáil atá dírithe ar mhic léinn chomh maith le *Curaclam Cónasctha* agus eispéreas iontach do na mic léinn, i dtreo is go mbeidh COC mar rogha ollscoil le haghaidh an staidéir iarchéime. Rinneadh dul chun cinn nach beag le linn na bliana agus laghdaíodh cóimheas idir mic léinn agus baill foirne aon phointe go dtí 20.5:1 Naoi mí tar éis dóibh an chéad chéim a fháil in COC tá níos mó na 94% de na céimithe sin ag obair nó ag gabháil do staidéar breise. Cuireadh tús le dhá chlár iarchéime ar leith le linn bhliain na tuarascála: Msc in Eolaíocht Mhicribhithóim agus MA in Imirce, Soghluasteacht agus Cultúr. I láthair na huaire, tagann 21% de na mic léinn fochéime go dtí COC ó ghrúpaí atá faoi ghannionadaíocht.

Tá sé mar aidhm ag **Cuspóir 3** teist idirnáisiúnta COC a fhás agus tionchar domhanda a leathanú. Le linn na bliana leanadh le *Plean um Chaidreamh Domhanda* a dhréachtú agus tugadh faoi athbhreithniú cuimsitheach oibríochtaí na Margaíochta agus na Cumarsáide. Tháinig méadú stairiúil 21%, líon ní ba mhó ná riamh, ar líon ma mac léinn a thaistil ó thíortha eile chun freastal ar COC. Tháinig feabhas ar an áit a bhaineamar amach ar Rangú Ollscoileanna Domhanda QS go dtí 273, 19 n-áit ní b'airde ná an bhliain roimhe. Le linn na bliana céanna, ioncam daonchairdis dar luach €12 mhilliún an sprioc a bhí leagtha amach sáraíodh sin agus gnóthaíodh €13 mhilliún.

Tá sé mar aidhm ag **Cuspóir 4** plan forásach *Daoine agus Cultúir* a chur i bhfeidhm d'fhonn ár gcumas a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil. Leanadh leis an bhforbairt seo le linn na bliana. Deineadh dul chun cinn suntasach

ar chuspóirí straitéiseacha Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe a chur chun cinn nuair a bunaíodh Fo-Choiste CÉI nua ar Fhoireann Ceannais na hOllscoile, agus nuair a bronnadh dhá ghradam Chlár *Athena Swan* nua ar dhá Roinn.

Tá sé mar aidhm ag **Cuspóir 5** athrú ó bhonn a dhéanamh ar chleachtadh agus úsáid an spáis agus na teicneolaíochta chun ár gcuid cuspóirí maidir le gníomhú ar son na haeraide a bhaint amach. Tháinig laghdú 32% ar astaíochtaí iomlána CO₂ i gcomparáid le leibhéil 2016-2018. Cuireadh socruithe nua inbhuanaitheachta i bhfeidhm chun go leabófaí inbhuanaitheacht a thuilleadh i gcúrsaí taighde, cleachtais agus teagaisc. Ghnóthaíomar áit ní b'airde i Rangú Ollscoileanna Domhanda *UI GreenMetric* ar mhaithe le cúrsaí inbhuanaitheachta agus sinn sa 6ú háit ar domhan, agus cuireadh sinn sa 67ú háit i Rangú Tionchair *Times Higher Education* a dhéanann ollscoileanna a mheas faoi réir ag Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.



Cuspóirí Straitéiseacha



Cuspóir 1:
Taighde agus Nuálaíocht

Taighde agus nuálaíocht a chur ar fáil a imríonn tionchar agus a théann i ngleic le mórdhúshláin dhomhanda i sainréimsí feabhais trí chreat *Todhchaíochtaí COC*, rud a tharraingeoidh dea-cháil orainn ó thaobh taighde de.



Cuspóir 2:
Rathúlacht na Mac Léinn

Timpeallacht dhigiteach foghlama a chur ar fáil atá dírithe ar mhic léinn agus atá ionchuimsitheach mar aon le *Curaclam Cónasctha* agus eispéireas iontach do na mic léinn, i dtreo is go mbeidh céimithe COC in ann tionchar dearfach a imirt.



Cuspóir 3:
Caidreamh Domhanda

Teist idirnáisiúnta COC a fhás agus ár dtionchar domhanda a leathnú.



Cuspóir 4:
Ár bhFoireann, Ár gCultúr

Plean Daoine agus Cultúir a chur i bhfeidhm d'fhonn cumas domhanda a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil.



Cuspóir 5:
Ár nÁit, Lorg Ár gCos

Athrú as cuimse a dhéanamh ar ár gcuid cleachtas, ar úsáid spáis agus teicneolaíochta chun ár gcuspóirí uailmhianacha maidir le hinbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na haeraíde a chomhlíonadh.

Cumasóirí Straitéiseacha

Daoine, Folláine agus Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht

Cumarsáidí Éifeachtacha

Acmhainní

Daonchairdeas agus Caidreamh le Páirtithe Leasmhara

Feabhas Oibríochtúil

Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha

Cumais Dhigiteacha agus Sonraí ar Ardchaighdeán

Rialachas



Rathúlacht na Mac Léinn



Gnóthaí Acadúla

Pobal na Mac Léinn

Ar an iomlán, bhí 25,254 mac léinn cláraithe in COC le linn 2023/24, méadú 3.6% ar an mbliain roimhe sin. Mic léinn Éireannacha ab ea 19,970 (79%) díobh seo, 1,827 (7%) díobh ó thíortha AE eile agus 3,457 (14%) díobh ó thíortha eile arís. Tháinig an 5,284 mac léinn idirnáisiúnta as 123 tír agus náisiúntacht éagsúil, agus an líon ba mhó díobh as an tSín, SAM agus an India. Ar an iomlán, bhí 17,568 mac léinn (70%) cláraithe ar chúrsaí fochéime agus 7,360 mac léinn (30%) cláraithe ar chúrsaí iarchéime, an-chosúil le briseadh síos na bliana roimhe. As na mic léinn iarchéime chláraithe, mic léinn dochtúireachta ab ea 1,095 díobh. 85% ab ea líon na mac léinn a chuaigh ar aghaidh go dtí an dara bliain den chúrsa a bhí roghnaithe acu an chéad lá. Seasann líon na mac léinn a dhein an chéad bhliain faoi dhó ag 4% agus bhí 3% a dhein cúrsa eile, rud a fhágann go raibh ráta coinneála de 91.5% ann ar deireadh.

Iontráil Fochéimithe

Ba í iontógáil iomlán mhic léinn fochéime na chéad bhliana in COC le linn bhliain na tuarscála seo, a tháinig tríd an LOI (An Lár-Oifig Iontrála) ná 3,881, rud a léiríonn gur tháinig laghdú 1.3% i gcomparáid le 2022 cé go raibh an iontógáil ar an gcuid ba mhó de chláir mar a bhí nó ní ba mhó. Tháinig laghdú ar líon na n-éileamh ar chéad roghanna in COC i gcomparáid leis an mbliain 2022, faoi réir ag an treo náisiúnta nuair a tugadh faoi deara laghdú beag ar éilimh in iarratais náisiúnta LOI i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Ach do bhí 13% den éileamh ina iomláine ag COC i gcónaí ar iarratais Leibhéal 8 le linn na bliana sin. Scoithphointí arda a bhí i gceist in an-chuid clár arís, agus bíodh is go raibh laghduithe ar scoithphointí i gcomparáid leis an mbliain 2022, dob airde a bhí na scoithphointí sa chuid ba mhó de chláir ná na scoithphointí a bhí ann roimh an bpaindéim. Tháinig 4,441 iarratas AE isteach (daoine nach raibh an Ardteistiméireacht déanta acu), rud a fhágann gur tháinig fás breise ar an éileamh ón dream seo.

3,831 iontógáil LOI

Iontráil Iarchéimithe

Tá 224 clár iarchéime múinte in COC, agus tháinig méadú 11% ar na hiarratais go dtí 3,970 mac léinn ar na cláir seo le linn na bliana faoi réir ag tosaíochtaí straitéiseacha COC. Mic léinn iarchéime (cláir taighde agus mhúinte) is ea 30% de líon iomlán na mac léinn, agus le linn na bliana seo, cláraíodh 309 mac léinn dochtúireachta nua, agus is e 1,282 líon leanúnach na mac léinn dochtúireachta.

30% líon na mac léinn iarchéime in COC

Iontráil Rochtana

Sa bhliain 2023, ghlac COC le 813 mac léinn trí na bealaí Rochtana, nó 21% den iontógáil iomlán - méadú 1% i gcomparáid leis an mbliain 2022. Ach é sin ráite, tháinig laghdú ar an iontráil ó HEAR (Bealach Rochtana ar Ardoideachas) agus ó mhic léinn lánfhásta, rud a léiríonn go bhfuil na dúshláin do na grúpaí seo ag éirí níos mó de dheasca na n-arduithe ar chostais an ardoideachais. Chun dul i ngleic leis na dúshláin seo, chuir Rochtain COC €2.4 milliún ar fáil mar thacaíocht airgeadais dhíreach a chabhraigh go mór le mic léinn. Anuas air sin, bhain 953 mac léinn leas as Scéim Iasachta na Ríomhairí Glúine a chuireann leis an teacht a bhíonn ag mic léinn ar uirlisí staidéir digiteacha. I samhradh 2024, thacaigh Clár Infhosaitheachta Rochtain COC le 63 mac léinn faoi mhíchumas chun intéirneachtaí díolta a ghnóthú, iad ag comhoibriú le 16 fhostóir chun taithí oibre luachmhar a sholáthar agus fás gairmiúil a chothú. Léiríonn an tionscnamh seo go bhfuil Rochtain COC meáite ar

chothomas agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn i gcúrsaí oideachais agus fostaíochta.

I mí Aibreáin 2024, bhailigh ní ba mhó na 100 Cleachtóir Rochtana agus comhpháirtí pobail ó gach cúinne den tír le chéile in COC le haghaidh chomhdháil náisiúnta Thionscadal SOAR - *Access to Higher Education: Emerging Practice and Professional Challenges in a Changing Access Context*. Bhíothas in ann i rith an imeachta seo samhlacha nua cleachtais a roinnt a forbraíodh ar bhonn náisiúnta, na dúshláin agus na deiseanna a phlé a bhaineann le *Plean Rochtana Náisiúnta 2022-2028* chomh maith le pobal cleachtais agus forbartha gairmiúla a chothú i measc Cleachtóirí Rochtana chun eolas agus seirbhís Rochtana a fheabhsú.

Líon na Mac Léinn Cláraithe le Seirbhísí Rochtana in 2023/34	
Tacaíocht Mhíchumais	2,123
Mic Léinn Lánfhásta	701
Mic Léinn QQI/FE	521
Tacaíocht UCC PLUS+	704

21% de Mic Léinn COC tagtha isteach ar Chosáin Rochtana

Cosán Oideachais Tríú Leibhéal

Seoladh cosán céime tríú leibhéal san obair shóisialta le linn na bliana. Cuirtear ar fáil ann slí nua chun clár fochéime san Obair Shóisialta a fháil lasmuigh den chóras LOI, i dtreo is go mbeidh teacht ag níos mó mac léinn air agus é á chur ar

fáil ag COC agus ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí. Caitheann na mic léinn an chéad bhliain den chlár seo sa Cholaiste Breisoideachais ar Champas Chorcaí Oileán Mhic Mhuiris. Sa dara bliain bíonn siad lonnaithe san ollscoil agus sa tríú agus sa cheathrú bliain bíonn siad ar an ollscoil nó ar shocrúchán gairmiúil. Forbraíodh an cosán nua seo faoi réir ag *Policy on Progressing A Unified Tertiary System for Learning, Skills and Knowledge na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS)*.

Printíseachtaí

Sa bhliain 2024, sheol COC an chéad chlár printíseachta dá chuid mar bhealach malartach chun cáilíocht Leibhéal 9 a bhaint amach san Obair Shóisialta. Is féidir leis na rannpháirtithe ar an bprintíseacht seo taithí oibre luachmhar a fháil agus iad ar thuarstal agus san am céanna tugtar do chéimithe an t-eolas teoiriciúil agus na scileanna praiticiúla is ga ina ngairmeacha beatha. Tá sé faoi reir ag an *National Action Plan for Apprenticeship 2021 to 2025* agus ag an *Public Service Apprenticeship Plan 2023*. Thosaigh an chéad 47 printíseach fostaite ag Tusla agus ag FSS an chéad sciar den fhoghlaím teoiriciúil in COC i mí Mheán Fómhair 2024. Is ann don phrintíseacht toisc go bhfuil Oibrithe Sóisialta ar an ngannchuid ar bhonn náisiúnta agus mar fhreagra ar riachtanas na sochaí chun dul i ngleic leis na bacainní reatha atá ann sa ghairm seo. Tá sé mar aidhm ag an bprintíseacht seo cur leis an rochtain ar an oideachas ó phobail mhionlaigh agus ó phobail atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch faoi réir ag *Plean Náisiúnta Rochtana an ÚAO, 2022-2028*.

Sheol COC a **1ú** clár printíseachta.

Tionscadal id+

Il mí Feabhra 2024, ghnóthaigh COC €1.7 milliún ón DFHERIS, faoi CHOSÁN 4 chun leanúint le hobair Thionscadal id+ ina soláthraítear ardoideachas ionchuimsitheach agus conairí do mhic léinn atá faoi míchumas intleachtúil. Cuireadh fáilte roimh an tríú grúpa de mhic léinn i mí Mheán Fómhair 2024, agus tacaíodh leo chun go bhféadfaidís a bheith lánpháirteach i gceann den 27 modúl comhfhoghlama ó raon disciplíní chomh maith le bheith mar bhaill de roinnt clubanna agus cumann de chuid na mac léinn. Léiríonn COC ceannaireacht i gcónaí sa réimse seo, ag cur le hacmhainneacht ar bhonn náisiúnta agus micridhintiúr a chur ar fáil do 58 ball foirne ó 13 instisiúid ardoideachais ar fud na tíre mar gheall ar an ardoideachas ionchuimsitheach dóibh siúd atá faoi míchumas intleachtúil.

Feabhsú Chórais Riaracháin na Mac Léinn

Cuireadh críoch rathúil i mí Mheán Fómhair 2024 ar an Tionscadal um Fheabhsú Chórais Riaracháin na Mac Léinn. Bhí an tionscadal seo ar an infheistíocht ba mhó dár chaith an ollscoil riamh ar Theicneolaíocht na Faisnéise. Agus na córais nua seo chomh maith leis na polsaithe agus gnáthaimh do riarachán na mac léinn a bheith feabhsaithe, tá forás nach beag tagtha ar eispéireas na mac léinn agus na foirne in COC. Cuireadh raon leathan córas nua ar fáil a bhaineann le gach céim i saol na mac léinn agus tá athrú as cuimse tagtha ar na seirbhísí d'iaratasóirí, mic léinn, céimithe agus baill foirne.

A bhuí le Tionscadal Riarachán na Mac Léinn Taighde, cruthaíodh Bainisteoir Oideachais larchéime, ardán digiteach nua do mhic léinn taighde agus iad ag brath rompu. Athbhreithníodh polasaithe agus simplíodh próisis mar chuid den tionscadal seo, rud a chuir le heispéireas éifeachtúil na mac léinn taighde agus na foirne.



Bronntaí Céimeanna Rang id+ mí na Samhna 2024.

Tionscadal Bharr na gCnoc

Do chuir Barr na gCnoc in Ionad na Gaeilge Labhartha, tionscadal pobail Gaeilge arna mhaoiniú ag an ÚAO, tús le Gaeilge Stretch le linn na bliana. Tacaíonn an clár seo le 80 páiste ó bhunscoileanna Chorcaí ar Chnoc an Chuilinn agus i gCnoc na hAoine. Cuirtear an Ghaeilge faoi bhráid na bpáistí ar shlí dhearfach agus líonann sé an bhearna idir an Gaeloideachas sa bhunscoil agus i scoileanna iar-bhunoideachais. I mí Bealtaine 2024, thapaigh 42 scoláire ó Ghaelcholáiste Mhic Shuibhne, Cnoc na hAoine, an deis chun leas a bhaint as Clár Cónaithe Gaeltachta Bharr na gCnoc agus thugadar cuairt ar Chorca Dhuibhne agus ar na Déise.

Scoláireachtaí

Is ag fás atá Scoláireachtaí agus Duaiseanna in COC. A bhuí le tacaíocht leanúnach ó dheontóirí flaithiúla, imríonn na scoláireachtaí seo tionchar nach beag ar shaol mórchuid mac léinn, ag cur le rochtain agus ag tacú leo dul chun cinn nach beag a dhéanamh ina rogha cúrsaí. Imríonn flaithiúlacht na ndeontóirí seo ról an-chabhrach go deo do mhic léinn ó chúlaí faoi mhíbhuntáiste, atá faoi ghannionadaíocht san ardoideachas go minic, dul chun cinn ina gcuid staidéir agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim. succeed both academically and in their extracurricular pursuits.

Leanann **Clár Mhic Léinn Chumasacha Quercus** le ról suntasach agus tacúil a imirt chun mic léinn chumasacha a earcú ón léann, spórt, na taibhealaíona agus na healaíona cruthaitheacha, saoránacht ghníomhach agus fiontraíocht. Glacadh le 17 mac léinn nua i mí Mheán Fómhair 2024 ar an gClár agus anois tá 50 Scoláire Quercus ar fad ann. Ba mhórchúis mhórtais dúinn é gur bhuaigh alumnus Quercus Paul O'Donovan agus alumnus COC Fintan McCarthy an dara bonn óir sna Cluichí Oilimpeacha i mí Lúnasa 2024 sa chomórtas céaslairí beirte éadrom, agus is é Paul, céimí Leighis na háite seo, an chéad lúthchleasaí riamh ar bronnadh bonn óir air sna Cluichí Oilimpeacha trí huaire as a chéile.

Earcú Mac Léinn

Tháinig níos mó cuairteoirí ná riamh chun an champais do Lá Oscailte na bhFochéimithe i mí Mheán Fómhair 2023, mar ar ghlac 9,000 ar fad páirt i 240 caint agus ceardlann, iad ag tabhairt cuairt ar níos mó ná 100 seastán. Tháinig níos mó cuairteoirí ná riamh go dtí an Taispeántas Iarchéime i mí Eanáir 2024 leis, agus seoladh tionscnamh iarchéime seachtainiúil nua chun na cláir iarchéime a chur in iúl do mhic léinn ionchasacha. Ní neart go cur le chéile agus rinne mórán ball foirne ar fud na hollscoile iarrachtaí chun mic léinn idirnáisiúnta a mhealladh anseo, rud a chuireann go mór le pobal mac léinn atá níos éagsúla ná riamh agus iad ag treacht ó gach cearn den domhan.

Eispéireas na Mac Léinn

Seirbhísí na nGairmeacha

Oibríonn Seirbhísí na nGairmeacha, COC chun infhostaitheacht agus forbairt scileanna a chothú agus mórchuid tionscnamh ar siúl acu. Reáchtáladh ní ba mhó ná 300 cruinniú le fostóirí le linn na bliana, díriodh ar chaidreamh a chruthú, cinntíodh socrúcháin oibre do mhic léinn, agus cruthaíodh deiseanna fostaíochta do chéimithe. Léiríonn torthaí an 2023 *Graduate Outcomes Survey* go raibh 94.7% de chéimithe ag obair nó i mbun staidéar breise laistigh de naoi mí tar éis dóibh céim a fháil.

94% de chéimithe ag obair nó i mbun staidéar breise naoi mí tar éis dóibh céim a fháil



Ionduchtú na mac léinn nua ar Chlár Mhic Léinn Chumasacha Quercus i mí Mheán Fómhair 2024.



Earcú Mac Léinn Fochéime.

Soláthraíodh 545 u.a.c. de cheardlanna scileanna infhostaitheachta ag tacú le 1,446 mac léinn a bhí ag gabháil don 32 modúil socrúcháin oibre le haghaidh dintiúir. Cuireadh leis seo nuair a seoladh réitigh dhigiteacha agus AI a dearadh chun go mbeadh mic léinn agus céimithe ullamh le haghaidh gairmeacha.

I mí Eanáir 2024 rinneadh aistriú foirmiúil ón bhfócas traidisiúnta ar shocrúcháin oibre le haghaidh mac léinn go dtí an cur chuige atá aitheanta ar bhonn idirnáisiúnta, an Fhoghlaim Chomhtháite Oibre (WIL), rud a d'eascair as moltaí in Athbhreithniú Téamach a tharla sa bhliain 2020. Is féidir feachaint ar fhíseán an tseolta **anseo**. Cuireann an Fhoghlaim Chomhtháite Oibre cur chuige comhoibritheach oideachais ar fáil i leith na foghlama sna áit oibre idir an mac léinn, an institiúid oideachais agus páirtí leasmhar ón taobh amuigh. Cuireann sé fíorthaithí oibre ar fáil atá mar chuid lárnach den churaclam féin. I mí Iúil 2024, d'óstáil an tAonad Cothaithe Feabhais an saineolaí idirnáisiúnta, an Dr Karsten Zegwaard, ó Ollscoil Waikato sa Nua-Shéalainn, a reáchtáil máistir-ranganna agus sraith clinici oscailte do phobal WIL in COC.

Imeacht trí lá a bhí in Aonach na nGairmeacha do Chéimithe a reáchtáladh i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus mealladh nach mór 150 fostóir ó earnálacha éagsúla na tionsclaíochta agus d'fhreastail thart ar 3,000 mac léinn air. Léiríodh sa taispeántas Gairmeacha na dTodhchaíochtaí Inbhuanaithe i mí Márta 2024, fás dinimiciúil na hearnála glaise, agus leagadh béim ar ról COC chun mic léinn a ullmhú le haghaidh na ndeiseanna i dtionscadail inbhuanaithe úra. I gcomhpháirtíocht le Clár Thréithe an Chéimí, dhein Clár Dámhachtainí na hInfhostaitheachta gaiscí 239 mac léinn a cheiliúradh i mí Aibreáin 2024.

Fóram na Mac Léinn

Tharla Fóram na Mac Léinn den dara huair i mí na Samhna 2023. Cuireadh an chéist seo ar mhic léinn "Conas a chruthóimid eispéireas spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla do mhic léinn reatha in COC, agus do mhic léinn amach anseo, atá ionchuimsitheach, inbhuanaithe agus cliste?" Bhí ar naoi bhfoireann de mhic léinn tionscadail agus freagraí a ullmhú a bhain leis an téama agus plé oscailte ar siúl acu maille le míneadas atriallach.

Gníomhaíochtaí na Mac Léinn

Bliain ghnóthach ab ea í do Chlubanna, Cumainn, Piarthacaíocht agus Aontas na Mac Léinn in COC, rud a chinntigh go raibh eispéireas spleodrach ar an gcampas do mhic léinn idir shean is nua. Bhí 44 club gníomhach ann agus níos mó ná 6,000 ball iontu chomh maith le 118 cumann agus níos mó ná 23,000 ball iontu. Chuir a leithéid mórán Éireann deiseanna ar fáil do mhic léinn chun dul i mbun gníomhaíochtaí éagsúla, chun scileanna a fhorbairt agus a chothú agus chun cairde nua a dhéanamh. Thiomsaigh cumainn €228k do charthanachtaí le linn na bliana agus bhuaigh siad ceithre ghradam ag Gradaim na gCumann Náisiúnta. Bhí 240 Ceannaire Piarthacaíochta ann le linn na bliana, a d'oibrigh ar bhonn deonach ar feadh níos mó ná 9,000 u.a.c. agus iad ag cabhrú go díreach le mic léinn na chéad bhliana a choinneáil agus muintearas á chothú acu san ollscoil.

44 club COC agus níos mó ná 6,000 ball iontu **118** cumann na mac léinn agus níos mó ná 23,000 ball iontu



Reáchtáil COC an seoladh oifigiúil den Fhoghlaim Chomhtháite Oibre ar an 18 Eanáir 2024.



An tOllamh Paul Mc Sweeney, an Leas-Uachtarán Foghlama agus Teagaisc; David Jones, Seirbhísi na nGairmeacha, COC; Ghufuran Al-Bander, a bhuaigh Gradam um Fheabhas sa Fhreagracht Shóisialta; Adel Coleman, Bainisteoir Chlár Thréithe an Chéimí; am tOllamh Stephen Byrne, an Leas-Uachtarán agus an Cláraitheoir. (Grianghraf: Max Bell)



Lá Ionduchtaithe Chuman Eolaíochta na Mac Léinn in COC in 2024.

Spórt na Mac Léinn

Cuid thábhachtach d’eispéireas na mac léinn in COC is ea cúrsaí spóirt. Branda láidir agus clúiteach is ea Spórt COC i ndomhan an spóirt in Éirinn agus glacann lúthchleasaithe agus foirne páirt ar bhonn domhanda, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Go luath sa bhliain 2024, tháinig beocht nua isteach i bhFoireann Ceannais an Spóirt agus baill nua uirthi agus tá dul chun cinn nach beag déanta aici ar an bplean caipitiúil chun saoráidí spóirt faoin aer a fhorbairt.

An Roinn Gníomhaíochta Spóirt agus Coirp	
Spóirt na gClubanna	45
Cóitseálaithe	160
Ag obair go deonach le Clubanna	400
Mic Léinn mar Bhaill	8,500
Úsáid a bhaineann Clubanna COC as Airéine na Muirdíge	8000 u.a.c.
Mic léinn a úsáideann Airéine na Muirdíge	13,000

Tá Clár Fedhmíochta Spóirt COC dírithe ar thacú le mic léinn a lánacmhainneacht a chomhlíonadh. Tá 118 lúthchleasaí ar an gclár, 22 Scoláire Quercus, 86 Scoláire Spóirt COC agus 11 Scoláire Chathair Chorcaí. Tá a chreidiúnú fós ag Spórt COC ó Spórt Éireann mar ionad aitheanta do Thacaíocht Chreidiúnaithe do Lúthchleasaithe mar Mhic Léinn (ASAS), seirbhís ríthábhachtach do lúthchleasaithe a bhfuil dhá ghairm acu. D’éirigh go seoigh le lúthchleasaite agus foirne in COC ag mórán leibhéal le linn bhlian na tuarascála. Rinne beirt lúthchleasaithe scoláireachta Quercus agus COC, Mags Cremen agus John Kearney ionadaíocht d’Éirinn ag na Cluichí Oilimpeacha i mí Lúnasa 2024 i bPáras, mar ar bhuaigh alumni COC Paul O’Donovan agus Fintan McCarthy bonn óir sa chomórtas céaslaíre beirte éadrom.

Ghlac mic léinn COC páirt i 163 sraith agus comórtas Tríú Leibhéal agus tá dea-theist orthu as páirt a ghlacadh agus

as COC a chur chun cinn. Choimeád Rugbaí COC a stádas sa Roinn AIL 1B agus choimeád an fhoireann faoi 20 Corn Donal Walsh Faoi 20. Bhuaigh Bulladóirí Rugbaí COC Corn Shraith 2 sa chomórtas SSI. Bhuaigh Sóisir COC Corn Sóisir na Mumhan den chéad uair le 45 bliain. Bhuaigh John Kearney bonn airgid ag Comórtas Rámhaíochta na hEorpa faoi 23 agus bhuaigh Ronan Byrne bonn óir ag Comórtas Domhanda na Rámhaíochta Cósta. Bhuaigh Margaret Cremen bonn airgid i gComórtas Céaslaíre Éadrom na hEorpa. Bhí an bhliain ba rathúla go dtí seo ag lucht rámhaíochta COC sa Chomórtas Náisiúnta agus bhuar sé theideal náisiúnta. Ag Comórtas faoi Dhíon Náisiúnta IUAAA tháinig Foireann Lúthchleasaíochta na mBan in COC sa tríú háit agus tháinig Eimear Maher abhaile agus í sa chéad áit sa rás 1500m agus é sin déanta aici in am níos fearr ná riamh. Sa chispheil, bhuaigh Lauryn Homan bonn i gcorn sinsir náisiúnta lena club áitiúil Brunell. Ta sí ina ball leis de scuaid Chispheil na mBan Sinsir in Éirinn. Bhuaigh club comhpháirtíochta Spórt COC Deamhain COC comórtas náisiúnta sinsir na Cispheile i mí Eanáir 2024. Bhuaigh Ayla O’Sullivan Comórtas Uile-Éireann sa Karate agus bhuaigh Conor McGlinchey Comórtas Domhanda na Dornálaíochta. Bhuaigh Foireann Sinsir Sacair COC Corn Farqujar, bhuaigh an fhoireann shóisearach Corn Duggan



Ceathairín na mBantosnaitheoirí, D. Winter, B. Smiddy, S. O’Donovan, A. McCarthy & E. Barrett, ceathairín na mBantosnaitheoirí liagóra a bhí mar sheaimpíní náisiúnta in éineacht leis an Taoiseach Micheál Ó Máirtín.

agus bhuaigh foireann na chéad bhliana Craobh Sraithe Roinn 4 CUFL. Fuair Foireann Haca na mBan in COC ardú céime ó Roinn 2 EY go dtí Roinn 1 EY don bhliain 2024/25. Buadh orthu i gCluiche Ceannais Sinsir na Mumhan agus tháinig siad sa dara háit i Sraith Sinsir na Mumhan. Ag na Comórtais Idir-Ollscoile tháinig roinnt clubanna abhaile agus boinn óir acu chomh maith le líon ollmhór PBanna chun críoch chóir a chur ar bhliain rathúil spóirt in COC, mar shampla Boghdóireacht, Curachóireacht, Galf, Sléibhteoireacht agus Seoltóireacht.

Dámhachtainí Chlubanna COC 2024	
Buaiteoirí Aonair	Aimee Sheeran Caoimhe Nolan Elena Behan Ben Cudmore Donnchadh Hughes Conor Sexton Rhona Lennox
Imeacht na Bliana	Club na Trampailíneachta agus na Tuimbleála
An Físeán is Fearr	Club na Curachóireachta
Gradam an Ghaisce Speisialta	An Club Damhsa
Gradam na hIonchuimsitheachta	Club na Trampailíneachta agus na Tuimbleála
Seaimpín Carthanachta	Club na Trampailíneachta agus an Club Damhsa
An Grianghraf is Fearr	An Club Seoltóireachta
An Club is Fearr Feabhsú	An Club Snámha agus Póló Uisce
Club na Bliana	An Club Sléibhteoireachta
Na Meáin Shóisialta is Fearr	An Club Curachóireachta

Ghlac mic léinn **163** sraith agus comórtas COC páirt i **Tríú Leibhéal**

Foghlaim agus Teagasc

Laistigh d'Oifig an Leas-Uachtaráin Foghlama agus Teagaisc (OVPLT) tá an phríomhoifig; an tIonad um Chomhtháthú Taighde, Teagaisc agus Foghlama (CIRTL); An tIonad um Oideachas Digiteach (CDE); An tIonad um Aosoideachas Leanúnach (ACE); an Lárionad Teanga; an Leabharlann (Cló Ollscoile Chorcaí san áireamh); Ionad na Scileanna; agus Riarachán Achomhairc na Scrúduithe.

Caidreamh Domhanda

D'óstáil ACE, Seachtain Dhomhanda na Foghlama Fadsaoil, 2024 i mí Bealtaine 2024. Mar chuid den imeacht seo a mhair ar feadh seachtaine bhí Comhdháil Mhol na Foghlama Fadsaoil ASEM agus an 54ú cruinniú EUCEN (Gréasán Fhoghlaim Fadsaoil na nOllscoileanna Eorpacha). I mí Lúnasa 2024, d'óstáil CIRTL an 46ú Fóram Bliantúil Chumann Ardoideachais na hEorpa, 'Inbhuanaitheacht, Teacht Aniar agus Folláine.' Chuir na himeachtaí seo deiseanna ar fáil do thaighdeoirí, an fhoireann teagaisc agus seirbhísí gairmiúla, mic léinn, lucht déanta beartas, oideachasóirí agus páirtithe leasmhara as an Áis, an Eoraip agus lasmuigh de na háiteanna sin teacht le chéile chun gréasáin a chothú, léargais a roinnt agus deiseanna comhoibrithe a phlé.

Caidreamh leis an bPobal

Cuireadh leis an gclár comhpháirtíochta luachmhar idir *Cork Penny Dinners* agus Lón Machnaimh COC nuair a chomhoibrigh mic léinn MSc sa Ghnó Bia agus Nuálaíocht le *Cork Penny Dinners* chun eispéireas nuálach a chomhchruthú, mar chuid dá modúl um Sheirbhís agus Dearadh Eispéiris. Ba idir CIRTL, Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí agus *Cork Penny Dinners* a dearadh an tionscnamh seo agus a bhuí leis an gclár comhoibrithe foghlama leis an bpobal bhí na mic léinn in ann fíorléargais a fháil ar eispéiris seirbhíse na carthanachta agus iad ag obair ar bhonn deonach agus ag glacadh páirt in imeachtaí eile.

Caidreamh le Gnó

Sheol ACE agus *BioPharmaChem Skillnet* micridhintiúr nua le linn na bliana mar thaca le fás leanúnach na hearnála bithchógaisíochta agus ceimice anseo in Éirinn. I gcomhar le Scoil na Bithcheimice agus na Cillbhitheolaíochta, d'fhorbair ACE Teastas i bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach: Cúrsa Tosaigh i mBithchógaisíocht agus in Ardteiripí Pearsantaithe.

Nuálaíocht Teagaisc agus Foghlama

Cuireadh Taispeántas Teagaisc agus Foghlama CIRTL sa tsiúl i mí na Nollag 2023. Taispeántas lae a bhí i gceist inar leagadh béim ar éagsúlacht na dtionscadal foghlama agus teagaisc in COC agus inar malartaíodh smaointe. Ar na téamaí bhí: oideachas digiteach, ionracas acadúil, dearadh uilíoch na foghlama, oideachas le haghaidh na forbartha inbhuanaithe, agus caidreamh le mic léinn. *Dámhachtainí an Uachtaráin* um Fheabhas Teagasic a bhí mar chuid den imeacht seo.

Dámhachtainí an Uachtaráin um Fheabhas Teagasic

Aithnítear leis na dámhachtainí seo baill foirne a bhfuil curtha go mór acu le feabhas teagasic agus a léiríonn modhanna nuálacha agus cruthaitheacha teagaisc, foghlama agus measúnaithe a fheabhsaíonn foghlaim agus dul chun cinn na mac léinn. Bronnadh gradaim ar na daoine seo leanas sa bhliain 2023:

Catagóir na Dámhachtana	Buaiteoir
Obair Fadsaoil	An Dr Frank Burke, Scoil na Fiaclóireachta
Teagascóir larchéime / Cúntóir	Daniel O'Callaghan, Síceolaíocht Fheidhmeach Noreen Kane, Iodáilis
Foireann Teagaisc Luathghairme (<5 bliana ag teagasc in institiúid ardoideachais)	Cathal McCarthy, Leigheas/ Cógaseolaíocht Theresa O'Donovan, Leigheas/ Íomháu Leighis agus Radaíocht Stephen McCarthy, BIS
Foireann Teagaisc Bunaithe (>5 bliana ag teagasc in institiúid ardoideachais)	Carol Condon, Altranas agus Cnáimhseachas Marie Ryan, Eacnamaíocht Siobhán Mortell Múinteoir Teanga, Gearmáinis Foireann: Dave Alton, Helen McGrath, Conor Drummond, Sean Tanner, Bainistíocht agus Margaíocht Foireann/péire: Frank van Pelt agus Gerardene Meade-Murphy, Roinn na Cógaseolaíochta agus na Teiripice, Scoil an Leighis Foireann: Guangbo Hao, Briony Supple, Alex Pentek, Nico Lorenzutti, Scoil na hInnealtóireachta agus Scoil an Oideachais
Seirbhísí Gairmiúla / Tacaíocht do Mhic Léinn / Foireann Theicniúil nó a cothrom	James Northridge, COC Ionchuimsitheach, ODPR Laura Lee, CIRTL/OVPLT Foireann: Foireann Teicneolaíochta Acadúla na Leabharlainne – Martin O'Driscoll, Stephanie Chen, William Ruane, Declan Synott, David Hackett, an Leabharlann, OVPLT



Dámhachtainí an Uachtaráin um Fheabhas Teagasc 2023.

Taighde Teagaisc agus Foghlama

I mí Meithimh 2024, sheol Ailíniú Straitéiseach um Fheabhas Teagaisc agus Foghlama (SATLE) glaoch oscailte ar Mhaoiniú Feabhsaithe Teagaisc agus Foghlama. CIRTl a dhéanann SATLE a riaradh. Is comhthionscnamh é ón bhFóram Náisiúnta um Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama agus ón Udarás um Ard-Oideachas. Tar éis grinnscrúdú athbhreithnithe, roghnaíodh 26 tionscadal a mbronnfaí maoiniú orthu as 67 iarratas agus dáileadh níos mo na €170k.

UCC Library

Bhí Leabharlann COC ar an bhfoirgneamh ba ghnóthaí in COC le linn bhliain na tuarascála agus thug 1.52 milliún cuairt uirthi agus d'fhéach 1.5 milliún ar shuíomh idirlín na leabharlainne. Seoladh **Fís agus Plean na Leabharlainne** i mí Márta 2024 mar threoir fáis agus forbartha na Leabharlainne go ceann cúig bliana.

Rathúlacht na Mac Léinn

Sheol Ionad na Scileanna Bunchúrsa nua ar Ionracas Acadúil do mhic léinn. Cinntíonn an cúrsa seo go bhfuil tuiscint shoiléir ag mic léinn ar ionracas acadúil, mí-iopmar acadúil, agus na tacaíochtaí ábhartha a chuirtear ar fáil dóibh in COC. Seoladh Tacar ar Chomhtháthú Eiticiúil Intleachta Saorga Giniúnaí i mí Dheireadh Fómhair 2024, agus toradh an tionscadail taighde (Ai)²ed: Ionracas Adaúil agus Intleacht Shaorga is ea é inar cruthaíodh nasc idir mic léinn agus baill foirne sna ceithre Choláiste in COC chun triail a bhaint as ChatGPT agus iad ag dearadh measúnuithe.

Phléigh 19,862 mac léinn le hIonad na Scileanna le linn bhliain na tuarascála, méadú suntasach 40% ar an éileamh ar sheirbhísí le linn na chéad sé seachtaine den chéad seimeastar. Sheol Ionad na Scileanna An Fearas, acmhainn nua ar an ardán foghlama ar líne Canvas do mhic léinn nua agus iad ag dul i dtaithe ar shaol na hollscoile agus an chéad Chatalóg ag Ionad na Scileanna don fhoireann chun gur féidir leo an tacaíocht is fearr a thabhairt do mhic léinn.

19,826 mac léinn le hIonad na Scileanna

Sheol an tIonad um Oideachas Digiteach bogearraí nua caidrimh an lucht féachana, Vevox, i mí na Nollag 2023. Ardán buacach a dhéanann caidreamh beo leis an lucht féachana is ea Vevox a bhaineann úsáid as faireachán fíorama chun guth na mac léinn a fháil.




Coláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta

Bhí iontógáil sheasta ag Coláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta le linn bhliain na tuarscála. Tá an infhostaitheacht ar an gcloch is mó ar an bpaidrín inár straitéis earcaithe agus sinn ag athbhreithniú ar ár gcuid clár go tráthrialta. Cuirtear socrúcháin oibre agus ghairmiúla ar fáil ar naoi gclár is fiche, agus déanann comhlachtaí seachtracha agus gairmiúla athbhreithniú seachtrach ar roinnt clár le haghaidh creidiúnaithe. D'éirigh go maith leis an gColáiste ó thaobh iontógáil AE agus neamh-AE de, agus í ag fás ó bhliain go bliain, faoi réir ag cuspóir na hollscoile líon na mac léinn idirnáisiúnta a fhás. Bíodh is go bhfuil an iliomad clár ar fáil in CACSSS, is ar líon teoranta clár atá níos mó ná a leath de mhic léinn iarchéime cláraithe i gcónaí. Maidir le hearcú neamh-AE, cé gur ó SAM agus ón tSín 75% den iontógáil idirnáisiúnta, bhí méadú ar an éagsúlacht in earcú neamh-AE i dtaca leis na tíortha a sheol mic léinn chugainn. Léiríonn na treochtaí seo gur féidir cur leis an líon seo ar raon leathan clár. Sheol an tAire O'Donovan Cosáin nua ar an Obair Shóisialta i mí Meithimh 2024, agus chláraigh ní ba mhó don Phrintíseacht Oibre Sóisialta i mí Mheán Fómhair ná mar a rabhthas ag súil leis.

Fuair an Coláiste maoiniú suntasach le linn na bliana, agus gnóthaíodh ní ba mhó na €9.1 milliún. Gnóthaíodh dámhachtainí leis ó roinnt scéimeanna maoinithe, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear dhá dhámhachtain Ardbhuaiteoirí na Comhairle um Thaighde in Éirinn, trí Ánracht Iardhochtúireachta Gníomhaíochta Marie Skłodowska-Curie, trí cinn ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann - Tionscadail Chosáin na Comhairle um Thaighde in Éirinn, cúig dhámhachtain Iardhochtúireachta ón gComhairle um Thaighde in Éirinn agus ocht ndámhachtain PhD ón gComhairle um Thaighde in Éirinn. Faoi réir ag tosaíochtaí straitéiseacha na hollscoile, tá infheistíocht shuntasach déanta ag CACSSS sá dá réimse de *Thodhchaíochtaí COC* laistigh den Choláiste - Todhchaíochtaí Sóisialta i gComhar agus Daonnachtaí Feasta. I measc bhuaicphointí taighde an choláiste, anois tá Féile na nEolaíochtaí Sóisialta, arna heagrú ag Todhchaíochtaí Sóisialta i gComhar, agus Taispeántas na nDaonnachtaí Feasta. Reáchtáil Saotharlann na nDaonnachtaí Fréamhaí an chéad chomhdháil dá cuid i mí Bealtaine 2024.

Leanann an Coláiste ag fás ó thaobh stádas rangaithe de, mar a léirítear i Rangú Domhanda Ollscoileanna QS 2024 de réir Ábhair. Cé gur thit na hEalaíona agus na Daonnachtaí 37 áit ó 251 go dtí 288, tá a leithéid faoi réir ag réimsí ábhar eile ar fud na hollscoile. Maidir le ranguithe sainiúla ábhar, tá feabhas suntasaach tagtha ar ábhair atá ailínithe le CACCSS: chuaigh na Taibhealaíona chun feabhais sa rangú le linn na bliana ag bogadh ó chatagóir 101-120 go dtí 51-100. Agus Teanga agus Litríocht an Bhéarla (101-150), Polaitíocht agus Léann Idirnáisiúnta (151-200), agus Fealsúnacht rangaithe as an ua (151-200) bíonn ábhair CACSSS i measc na n-ábhar is airde rangú san ollscoil.



I measc bhuaicphointí eile na bliana, sheol an tAire O'Donovan Cosáin nua ar an Obair Shóisialta i mí Meithimh 2024, agus chláraigh ní ba mhó don Phrintíseacht Oibre Sóisialta i mí Mheán Fómhair ná mar a rabhthas ag súil leis. Seoladh tionscadal taighde úrnua ar Bhásanna le linn Chogadh na gCarad i mí Márta 2024. Bhuaigh Rince Ionchuimsitheach Chorcaí gradam Rochtana agus Ionchuimsitheachta i nDámhachtainí Gnó go hEalaíon 2024. Bhí *The Cable that Changed the World* le feiscint den chéad uair riamh ar RTÉ agus ARTE i mí Lúnasa 2024. Bhí *Ireland's Coast*, clár faisnéise trí chuid, arna spreagadh ag *Coastal Atlas of Ireland* ar RTÉ i mí Mheán Fómhair. Bhronn COC céimeanna ar Scoláirí Seachtácha CACSSS Skylee Glass agus Aurianna Jewell i mí Meithimh 2024.



An tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin TD, in éineacht leis an Dr Andy Bielenberg, Scoil na Staire, agus John Dorney Cúntóir Taighde agus Staráí, ag an seoladh a deineadh ar thaighde úrnua ar Bhásanna le linn Chogadh na gCarad.

Coláiste an Ghnó agus an Dlí




Tháinig méadú ar an éileamh ó mhic léinn ar chlár Cholaíste an Ghnó agus an Dlí (CoBL) agus tháinig méadú suntasach ar fhoilseacháin agus ar mhaoiniú taighde, ar chaidreamh gairmiúil, copraráideach agus pobal leathan; agus ar earcú acadúil nach beag faoi réir ag *Todhchaíochtaí* COC. Sheol Scoil an Dlí LLM nua i Réiteach Malartach Diospóidí i mí Mheán Fómhair 2024.

Rangaíodh an tOllamh Tom Garavan (Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí) sa chéad áit ar bhonn náisiúnta agus sa chéad 2% ar fud an domhain i measc scoláirí gnó agus bainistithe bunaithe ar *H-Index* (*research.com*) Deineadh dul chun cinn chomh maith leis an Iris um Pleanáil Fhadtéarmach (LPR) ó 3 go dtí 4 réalta arna rangú ag Comhlachas Cairte na Scoileanna Gnó. Leanann an tOllamh Louise Crowley (Scoil an Dlí) mar cheannaire ar Idirghabháil na bhFéachadóirí agus í ag dul i ngleic le ceistanna a bhaineann le mí-iompar agus foréigean gnéasach in COC agus ar fud na tíre. Mar chuid den tsárobair seo reáchtáiltear feachtas náisiúnta All Right All Night, arna mhaoiniú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán chun a chinntiú go bhfuil oícheanta sóisialta saor ó imeaglú, foréigean agus eagla do chách.

D'éirigh thar barr leis an gcoláiste maoiniú taighde a ghnóthú, mar shampla: deontas €8.8 milliún ó *Horizon Europe*; deontas €3.4 milliún ó *Horizon Europe*; deontas Taighde agus Nuálaíochta €1 mhilliún Horizon 2020; agus maoiniú €214k le haghaidh Tionscnamh Oideachais Fiontraíochta ón Údarás um Ard-Oideachas.

Choiméad Scoil an Dlí a rangú sa chéad 100 de réir ábhair den cheathrú bliain as a chéile i Rganú QS Ollscoileanna an Domhain de réir Ábhair agus í sa 73ú háit. Rinneadh athchreidiúnú rathúil ar chlar MBA agus coimeádadh creidiúnú AACSB leis. Tá an BSc sa Chunasaíocht ar an gcéad fhochéim in Éirinn a ghnóthaigh díolúintí CAP2 ó Chúntasóirí Cairte na hÉireann.

Bronnadh gradam cré-umha *Athena Swan* ar Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí (CUBS), rud atá bainte amach anois ag an dá Scoil sa Cholaíste.



Seachtain Idirghabháil na bhFéachadóirí, 2024.



Coláiste an Leighis agus na Sláinte

Seasnn cóimheas éilimh LOI Choláiste an Leighis agus na Sláinte (CoMH) ag 2.7. Bronnadh céimeanna ar mhic léinn ar cheithre chlár nua in 2024: PhD in Eolaíocht Cheirde; Msc in Oibríochtaí agus Bainisíocht Eolaíochtaí Cóigaisíochta Tionscail; Dioplóma larchéime i bPéidiatric agus Sláinte Leanai agus Teastas larchéime i Sláinte agus Folláine. Cuireadh tús le cúig chlár déag nua le trí bliana anuas, ar féidir cuid mhaith díobh a dhéanamh in éineacht, ag dul ar aghaidh ó léibhéal an Teastais larchéime go dtí MSc.


D'éirigh thar barr leis an gColáiste le linn bhliain na tuarascála agus mórchuid taighde foilsithe in irisí eolaíochta, agus luadh 14 dár gcuid taighdeoirí (APC agus INFANT) i liosta liosta Clarivate na dTaighdeoirí is mó Tagairtí sa bhliain 2023. Fuair Stiúrthóir APC, an tOllamh Paul Ross, gradam ó SFI mar Thaighdeoir na Bliana, 2023. Chuaigh taighdeoirí CoMH san iomaíocht le haghaidh deontas lena n-áirítear damhachtain ón AE dar luach 7.5 milliún do Scoil an Leighis as an Scoil Altranais agus Cnáimhseachais; bhronn an Fhondúireacht um Parailis Cheirbeach €1.6 milloíun ar mhaithe le hOllúnacht in COC le Luathghortú Inchinne agus Parailis Cheirbeach.

Bhronn an Coláiste 16 Spáranacht Dochtúireachta chun tacú go láidir le mic léinn dochtúireachta agus iad ag taisteal go dtí comhdhálacha idirnáisiúnta agus chun gur féidir leo sochar a bhaint as gníomhaíochtaí oiliúna agus caidrimh. Rinnemar ceiliúradh ar ár gcuid taighdeoirí iarchéime i nDámhachtainí na Mac Léinn larchéime Taighde, ag gabháil buíochais leo as an obair atá déanta acu i ndisciplíní éagsúla, ag cur béim ar an tsárobair a deineadh san obstatraic, sa ghinéiceolaíocht agus sa chógaseolaíocht.

Cruthaíodh deiseanna le linn ár gcéad Sraithe de Léachtaí na nOllamh feabhas acadúil a léiriú agus buaicphointí taighde a léiriú. I gcomhar le Alumni agus Forbairt, sheol an Coláiste sraith na Léachtaí Daonchairdis i mí Márta 2024. Imeacht is ea Ospideal na mBéiríní chun poist i gcúraim sláinte a chur faoi bhráid leanai ar shlí chompordach, rud a chothaíonn caidreamh leis an bpobal.

Ceapadh an tOllamh Leonie Heskin mar Stiúrthóir ar ASSERT mar a bhfuil cúrsaí oideachais á bhforbairt aici do dhaoine gairmiúla ag leibhéal na fo- agus na hiarchéime san iliomad disciplíní Leighis agus Sláinte. Ina theannta sin, tá ASSERT ag plé le tionscal na n-uirlisí leighis agus réitigh ionsamhlaithe in úsáid acu le haghaidh taighde agus forbartha, bailíochtaithe agus chun féachaint ar an úsáid a bhaineann úsáideoirí as a gcuid táirgí cúraim sláinte.

Tá gradaim Chré-Umha *Athena Swan* gnóthaithe ag na sé scoil sa Choláiste, rud a léiríonn go bhfuilimid tiomanta do chomhionannas agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn.



Is an do "Ospideal na mBéiríní" chun poist i gcúraim sláinte a chur faoi bhráid leanai ar shlí chompordach, rud a chothaíonn caidreamh leis an bpobal.

Coláiste na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta Bia



Tar éis méadú 136, seasann líon na mac léinn i gColáiste na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta Bia (SEFS) ag 5,230 agus astu seo tá 26% díobh ag gabháil d'iarchéimeanna agus mic léinn idirnáisiúnta 22% díobh. Bhí ní ba mhó ná 500 pointe i gceist le 11 as 15 chúrsa iontrála LOI in SEFS le linn bhliain na tuarascála seo. Bhí 50% de mic léinn PhD na hollscoile cláraithe in SEFS.

Rinne An Cumann Cothaithe BSc (Onóracha) sna hEolaíochtaí Cothaithe a chreidiúnús. Cuireadh tús le Comh-Mháistreacht nua san Ailtireacht, RePIC. Síníodh comhaontú creata nua le BTBU Bhéising, rud a chuireann le cláir 2+2 reatha le Matamaitic agus Eolaíocht an Bhia. Bunaíodh Acadamh Inbhuanaitheachta COC le linn na bliana chun oiliúint san inbhuanaitheacht a sholáthar. Osclaíodh an chéad Stiúideo Eolaíochta in Áras Kane in COC agus thacaigh deich ngnólacht leis an tSaotharlann Chumachta san Innealtóireacht Leictreach a athfhorbairt.

Tháinig méadú ar líon na ndéontas le linn na bliana seo leis go dtí €54 milliún i 223 tionscadal – ar na príomh-mhaoinitheoirí tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann / Taighde Éireann (32%) agus *Horizon Europe* (18% lena n-áirítear an pháirt a ghlacadh in Aeráid+ agus i gcomh-ionaid um Chórais Bhia Inbhuanaithe agus Seasmhacha; maoiniú do theicneolaíochtaí Candaim agus Gaoithe ar Snámh amach ón gCósta; ionfhabhtuithe marfacha sruthanna fola; uireasaí micrmicreacothaitheacha san Eoraip; and agus optamú vacsaíne le haghaidh na maláire. Comhaontaíodh compháirtíocht straitéiseach nua leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) le haghaidh oiliúint iarchéime agus iardhochtúireachta. Bronnadh Ánracht Taighde Ollscoile de chuid an Chumainn Ríoga - Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.

Tháinig Talmhaíocht agus Foraoiseacht sa 79ú háit i Rganú QS Ollscoileanna an Domhain de réir Ábhair 2024 agus tháinig méadú 50 áit ar Innealtóireacht Leictreach, Ceimic agus Fisic. Bhí trí ábhar sa Chéad 100 i Rangú Domhanda *US News*: Eolaíochtaí Talmhaíochta (82); Micribhitheolaíocht (87); agus Eolaíocht agus Teicneolaíocht an Bhia (94). Tháinig Eolaíocht agus Teicneolaíocht an Bhia sa 46ú háit i Rangú Shanghai de réir Ábhair. Tháinig feabhsú 200 áit ar an Innealtóireacht agus Teicneolaíocht i Rangú Ollscoileanna Domhanda THE de réir Ábhair.


Thug iar-Uachtarán na hÉireann, Mary Robinson, eochairléacht ag *Fóram na dTodhcaíochtaí Inbhuanaithe* in COC i mí na Samhna 2023. Seoladh ionad taighde coipthe, SUSFERM, dírithe ar nuálaíochtaí bith-eacnamaíochta a thapú agus tá an tionscnamh Páirc Bithnhonaraithe Chorcaí bunaithe aige

i gcomhar le Comhairle Cathrach Chorcaí. Ceapadh Thom Huppertz mar Ollamh le Taighde agus Nuálaíocht Déiríochta, arna thacú ag maoinú seachtrach ó Chomhlacht Déiríochta na hÍsiltíre (NZO). Mheall Tóraíocht AI, arna heagrú ag INSIGHT, Scoil na Ríomheolaíochta agus arna hurrú ag *Cadence*, 60 foireann. Bhí cúigear micribhitheolaithe luaite i liosta *Clarivate* na dTaighdeoirí is mó Tagairtí sa bhliain 2023. Thug *Research.com* rangú ard to thriúr Ríomheolaithe.

Cheap Scoil na Bithcheimice in éineacht leis an Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Oiliúint sa Bhithphróiseáil dhá chomh-Ollúnacht i leigheas atá bunaithe ar bhitheolaíocht. Dhein taighdeoirí MaREI agus ERI fianaise a sholáthar do Coiste an Oireachtais i dtaobh na Tuarascála Measúnaithe ar Athrú Aeráide in Éirinn agus bhí baint ag an Dr Linda Daly, Matamaitic, le tuairisc achtúireach ar bhreis básanna le linn COVID a luadh go minc sna meáin.



An tOllamh John O'Halloran, Uachtarán, agus Marguerite Nyhan, Ollamh le hInnealtóireacht le haghaidh Inbhuanaitheachta ag Fóram na dToghcháíochtaí Inbhuanaithe in COC.





Taighde agus Nuálaíocht

Todhchaíochtaí COC

Sainchlár taighde is ea **Todhchaíochtaí COC** ina ndeintear beartú tosaíochta taighde chomh maith le hearcú acadúil agus straitéiseach i ndeich gcinn de réimsí a mheastar go bhfuil tábhacht straitéiseach leo agus a bheidh mar bhonn le seasmhacht agus dul chun cinn eacnamaíoch, sochaíoch agus cultúrtha. Seoladh é i mí na Nollag 2021 agus leanadh le linn bhliain na tuarascála le *Todhchaíochtaí COC* a chur i bhfeidhm bunaithe ar eolas a thagann ó speisialú cliste agus Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe na Naisiún Aontaithe, agus tá na réimsí téamacha go léir faoi lán seoil anois. Cuireann an creat *Taighde agus Nuálaíocht a Leabú in Earcú Acadúil* taighde agus nuálaíocht i gcróilár an eacraithe acadúil go léir, rud a chinntíonn go léiríonn iarrthóirí go bhfuilid gníomhach ó thaobh an taighde de, agus ailíniú straitéiseach acu le Todhchaíochtaí COC. Todhchaíochtaí COC - Réimsí Téamacha:

- ✓ Inbhuanaitheacht
- ✓ Todhchaíochtaí Sóisialta i gComhar
- ✓ Micribhithóm agus Sláinte an Bhia
- ✓ An Leigheas Feasta
- ✓ Na Daonnachtaí Feasta
- ✓ An Chógaisíocht Feasta
- ✓ Aoisíú agus Eolaíocht Inchinne Feasta
- ✓ Leanáí
- ✓ Candam agus Fótónaí
- ✓ Intleacht Shaorga agus Anailísíocht Sonraí

Clár oiliúna taighde is ea Slí Thodhchaíochtaí COC, faoi stiúir ag an Dr Seán McCarthy (*Hyperion*) a bunaíodh le linn bhliain na tuarascála chun leas iomlán a bhaint as deiseanna sainmhaoinithe Eorpacha, chun ullmhúcháin tograí á bhfeabhsú le go n-éireoidh leo agus chun dianmheantóireacht a sholáthar do thaighdeoirí ardacmhainne. Tá seo curtha i gcrích i gcúig réimse théamacha cheana féin.

Ghnóthaigh COC maoiniú dar luach €6.2 milliún agus Tyndall €9.5 milliún agus le chéile fuairadar thart ar 75% den mhaoiniú clár Bhonneagar Taighde Institiúid Eolaíochta Éireann. Tacóidh an maoiniú seo le príomhthosaíochtaí

institiúideacha lena n-áirítear fuinneamh gaoithe amach ón gcósta, ábhair chandamacha, dul chun cinn leathsheoltóirí agus lectreonaic chomhtháite. Ghnóthaigh COC leis thart ar €1.6 milliún i gclár maidir le Deontais Uirlisí Taighde de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas. Dáiltear na cistí seo ar réimsí téamacha Thodhchaíochtaí COC agus iad faoi réir ag riachtanais tosaíochta. Dáileadh €250k ar phríomh-bhonneagar TF, rud a chuireann leis an bonneagar taighde shainiúil a ceannaíodh le déanaí (breis eolais thíos), rud a chuireann le seirbhísí agus rochtain le haghaidh taighdeoirí ar fud COC.

10 réimse théamacha Thodhchaíochtaí COC

Ár nDaoine

Táimid ag obair chun fostaíocht straitéiseach a fheabhsú chomh maith le coinneáil agus forbairt ár mball foirne ag gach céim dá ngairmeacha, arna dtacú ag éiceachóras taighde agus creat gairmeacha faoi réir ag tosaíochtaí straitéiseacha COC. Fairsingíodh agus athdhearadh *Clár Oiliúna Scileanna Taighde COC* agus cuirtear ar fáil anois 17 seisiún ar 10 dtopaic nua. Tá sé faoi réir ag polasaithe náisiúnta agus Eorpacha, ag cur le scileanna agus iomaíocht na dtaighdeoirí ag gach céim dá ngairmeacha. Bhronn an tOllamh John Morrison ó *Fhaisnéisíocht Taighde Ionad Boole* spás le haghaidh Ionaid Bogearraí in Áras an Gheata Thiar, COC, i dtreo is go meadh bonneagar taighde sainiúil ar an gcampas, ina bhfuil arduirlisí agus acmhainní chun seirbhísí TF a fheabhsú don phobal taighde.

Eispéireas na Mac Léinn

Tá sé mar thosaíocht straitéiseach in COC líon na mac léinn PhD a mhéadú, eispéireas na mac léinn taighde a fheabhsú agus taighde agus nuálaíocht a leabú inár gcuraclam. Thosaigh níos mó mac léinn ar PhD le linn bhliain acadúil 2023/24 ná mar a rabhthas ag súil leis. Ghlac mic léinn páirt leis i gclár PhD do Dhaoine Gairmiúla Ardoideachais den chéad uair. Cuireann an clár seo leis an rochtain ar an oideachas dochtúireachta, rud a threisíonn taighde agus nuálaíocht sa churaclam. Aontaíodh go mbeadh ionadaíocht do mhic léinn iarchéime ar Aontas na Mac Léinn in COC an bhliain seo chugainn agus beidh a leithéid mar ardán caidrimh a chuirfidh le heispéireas na mac léinn.

UCCFUTURES

Securing **Our Future** Through Research Excellence



Cultúr an Taighde

Táimid ag obair chun cultúr COC a athrú ó bhonn ach taighde gafa agus taighde oscailte a chur i bhfeidhm, a bhfuil ionracas acadúil agus cleachtadh eiticíúil agus freagrach mar bhonn aige. Toghadh triúr acadóirí sinsearach in Acadamh Ríoga na hÉireann, an onóir acadúil is tábhachtaí in Éirinn, rud a léiríonn cultúr taighde den chéad scoth in COC mar aon le cultúr de thaighde gafa ar ardchaighdeán. Athcheapadh an Fhondúireacht Náisiúnta um Thaighde san Fhéinmharú in COC mar an aon Ionad Comhoibritheach de chuid WHO in Éirinn a dhéanann monatóireacht agus taighde ar Chosc a chur le Féinmharú, rud a léiríonn tiomantas COC do chleachtais eicitiúla agus fhreagracha a imríonn fiorthionchar dearfach.

Seoladh dhá philéar claochlaithe taighde as na trí cinn atá beartaithe i *Máistirphlean Digiteach COC, 2023-2028*. Is le COC ResearchBox, ardán bainistithe sonraí taighde arna bhainistiú go sábháilte, agus Bainisteoir Oideachais PGR. Táid seo mar thaca leis an turas iomlán acadúil iarchéime in COC, déanann siad polasaithe, próisis, córais na mac léinn, taifeadadh agus tuairisciú sonraí a chuimsiú agus a chomtháthú chun tacú le heispéireas iarchéime den chéad scoth. Anuas air sin, tá dul chun cinn nach beag déanta ag tionscadal an tríú piléar, Córas Faisnéise Taighde (RIS), agus an chéad chéim den uasghrádú claochlaithe ar chórais ar na bioráin in 2025.

Nuálaíocht agus fiontraíocht

Cuimsítear inár bhfís straitéiseach cultúr nuálaíochta agus campas fiontraíoch a chruthú, a bhfuil éiteas de chruthaitheacht agus fionnachtain mar bhonn acu. I mí Bealtaine 2024, d'fhoilsíomar **Tuarascáil ar Thionchar na Nuálaíochta in COC, 2023**, an chéad tuarascáil mar í ina léirítear gaiscí thaighdeoirí COC agus iad ag obair chun tionchar eacnamaíoch a imirt ag eascairt as a gcuid saineolais, taighde agus cruthaitheachta. Seoladh clár nua Fiontraí Cónaithe (EIR) chun tacú le cruthú 50 fiontar nua thar thréimse dhá bhliain, rud a imríonn tionchar díreach ar chultúr na fiontraíochta ar an gcampas. Tá an cúigear EIR ceaptha mar Ollúna Taca Iastigh de Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí (CUBS), ag cur le tacaíocht fiontraíochta le haghaidh mac léinn agus ball foirne. Cuireadh tús Seachtain

Nuálaíochta COC den chéad uair, inar léiríodh buanna fiontraíochta agus inar spregadh cultúr na nuálaíochta ar fud éiceachóras na hollscoile. Bhí baint ag ní ba mhó ná 300 taighdeoir leis na himeachtaí, cuid maith acu seo eagraithe le comhoibriú na gceithre Choláiste.

Chruthaigh taighdeoirí COC 48 nochtadh nuálaíochta, ceithre sheach-chuideachta, agus 11 iarratas paitinní le linn na bliana. Dhein COC chomh maith 52 comhaontú le tionsclaíocht chun go mbeadh teacht acu ar theicneolaíochtaí COC.

48 fionnachtain nocht

4 mhac-chuideachta seolta in COC

Maoiniú Taighde

Fuair COC €121 milliún mar ioncam taighde le linn bhliain na tuarascála, an méid ba mhó riamh. An sciar den ioncam nach dtagann ón státchiste is ea >30%, rud a léiríonn iarrachtaí chun maoiniú a fháil ó fhoinsí éagsúla. Ón mbliain 2004, d'éirigh le taighdeoirí COC níos mó ná €1.6 billiún a fháil ó infheistíocht mhaoinithe taighde.

Thosaigh dhá thionscadal ERC le linn bhliain na tuarascála, agus tionscadal tosnaíthe ag an Dr Aoife Daly a bhuí le Deontas Neartaithe ERC chomh maith le tionscadal curtha ar bun ag an Ollamh Paul Ross a bhuí le hArd-Deontas ERC. Ghnóthaigh taighdeoirí COC 146 dámachtain *Horizon Europe* on mbliain 2021, agus comheagraíonn COC 51 ceann de na tionscadail seo. Is fiú €108.4 milliún na tionscadail seo go léir, nó 83% den sprioc iomlán maoinithe ó Horizon Europe a bhí ag COC go dtí an bhliain 2027.



An tOllamh Caitriona O'Driscoll, Scoil na Cógaisíochta; An tOllamh John O'Halloran, Uachtarán; agus an tOllamh Maria McNamara, An Scoil Eolaíochtaí Bitheacha, Domhain agus Comhshaoil, a toghadh in Acadamh Ríoga na hÉireann.



Taighde agus Nuálaíocht den Scoth á geiliúradh ag na Dámhachtainí Taighde agus Nuálaíochta.

Agus 55% de chlár *Horizon Europe* cutha i gcrích cheana féin, tá an sprioc reatha atá ag COC i dtaobh *Horizon Europe* bainte amach aige cheana féin.

2 dhámhachtain nua Chomhairle Taighde na hEorpa

Dhein taighdeoirí COC 38 iarratas ar chláir ERC le linn bhlian na tuarascála, agus tacaíocht faighte acu ó fhoireann shainiúil Taighde COC a chuir raon leathan tionscnamh oiliúna agus forbartha ar fáil faoi stiúir Oifig an Leas-Uachtaráin Taighde agus Nuálaíochta. Seasann amhlaidh do mhéadú suntasch i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Tá an bonn láidir seo mar thaca le píblíne forbartha agus táthar ag súil go dtacódh sí le dul chun cinn i gcláir ERC amach anseo.

€120.9m mar Ioncam Taighde Dhírig

Beartais Taighde

Tá an *Clár um Chomhlíonadh Inmheánach Sainrialaithe*, le tacaíocht oiliúna agus acmhainní, forbartha agus curtha i bhfeidhm. D'éirigh thar barr leis an iniúchadh comhlíonta (An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta) a deineadh ar ‘ullmhacht’ shainrialú COC. Cuireadh tús le *Beartas Bainistithe Sonraí Taighde* nua tar éis comhairliúchán leathan faoi stiúir Thaighde COC, Leabharlann COC agus Sheirbhísí TF. Cuireann seo prionsabail shoiléire ar fáil mar thaca le sonraí taighde a chruthú agus a stróráil, rud a léiríonn forbairtí bainistithe sonraí agus rochtana atá ag titim amach san earnáil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Cuireadh tús le beart mór claochlaithe chun beartais taighde nua a fhorbairt agus beartais atá ann cheana a athbhreithniú lena n-áirítear an *Cód um Iompar Taighde, Taighde Oscailte, Measúnú Taighde Freagrach, AI sa Taighde, Sábháilteacht Taighde, Leithdháileadh Lasnairde, Comhairliúchán agus struchtúr Taighde atá Dírithe ar Othair* agus táthar ag súil go gcuirfear iad seo i gcrích sa bhliain 2025.

Dámhachtainí Taighde agus Nuálaíochta

Aitníodh feabhs an taighde, na nualaíochta agus na fiontraíochta i ngach disciplín san ollscoil le linn *Dhámhachtainí Taighde agus Nuálaíochta* i mí Bealtaine 2024.

Dámhachtainí Taighde agus Nuálaíochta		
Catagóir na Dámhachtana	Buaiteoir	Cleamhnacht
Taighdeoir na Bliana	An tOllamh Thomas Garavan	Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí
Luath-Taighdeoir na Bliana	An Dr Tatiana Vagramenko An Dr Aaron Lim	An Scoil Sochaí, Polaitíochta agus Eitice Roinn na Tíreolaíochta
Gradam Gaisce Ghairm Bheatha an Taighdeora	An tOllamh Elke Arendt	Scoil na nEolaíochtaí Bia agus Cothaitheacha
Foireann Taighde na Bliana	Foireann Taighde COC um Chúram Maolaitheach Néaltraithe	An Scoil Altranais agus Cnáimhseachais, Scoil an Leighis, an tIonad Geirinteolaíochta agus Athshlánaithe, Roinn an Chleachtaigh Ghinearálta, Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí, Grúpa Ospidéal an Deiscirt/an Iardheiscirt, Teach Altranais Naomh Lúcáis
Comhoibriú Taighde na Bliana,	An tOllamh Maria Cahill	Scoil an Dlí
Maoirseoir Taighde na Bliana	An Dr Helena Buffery	An Roinn Spáinnise, Portaingéilise agus Staidéir Mheiriceá Laidinigh
Cumarsáidí Taighde na Bliana	An Dr Olive McCarthy	Ionad na gComharstaidéar; Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí
Íomhá Taighde na Bliana	An Dr Richard Unitt agus an tUas Emma Murphy	An Scoil Eolaíochtaí Bitheacha, Domhain agus Comhshaoil
Duine Tacaíochta Taighde na Bliana	An Dr Sonia Monteiro	An Institiúid um Thaighde Comhshaoil
Foireann Tacaíochta Taighde na Bliana	Oifig na nDeontas agus na gConartháí	Oifig an Airgeadais, COC
Gradam an Leas-Uachtaráin Taighde agus Nuálaíochta sa Taighde Idirhisciplíneach	An tOllamh Ciara Heavin	Roinn na gCóras Faisnéise Gnó; Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí
Foilseachán na Bliana a raibh Mac Léinn Fochéime mar Údar aige	An tUas AllanaH Neff	Scoil na nEolaíochtaí Matamaiticiúla
Gradam Taighde na hEolaíochta Oscailte	Tionscadal <i>Scenario</i> - Teagasc, Foghlaim agus Taighde Taibhitheach	Roinn na Gearmáinise agus Roinn na hAmharclannaíochta
Cultúr um Iompar Freagrach Taighde a Chruthú	An tOllamh Christian Waeber Aonad na Seirbhísí Bitheolaíochta	Roinn na Cógaseolaíochta agus na Teiripice OVPRI
Gradam an Uachtaráin um Thaighde a Imríonn Tionchar ar na Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe	Tionscadal CEAB faoi stiúir an Ollaimh Nuala Finnegan, Escudero Fontán, an Dr Céire Broderick, an Dr Carlos Garrido Casellano agus an Dr Cara Levey	An Scoil Teangacha, Litríochtaí agus Cultúr
Taighde Gafa na Bliana	An Dr Katharina Swirak AntOllamh Patricia Leahy-Warren	Roinn na Socheolaíochta agus na Coireolaíochta An Scoil Altranais agus Cnáimhseachais
Nuálaí na Bliana	An tOllamh Holger Claussen, an Dr Senad Bulja, an Dr Lester Ho	Institiúid Náisiúnta Tyndall
Imeacht na Bliana	An Dr Conor O'Mahony, Carlo Webster, Andrea Bocchino, Ryan Sebastian, Fjodors Tjulkins	Institiúid Náisiúnta Tyndall
Mac-Chuideachta na Bliana	CergenX (An tOllamh Geraldine Boylan)	Ionad Taighde INFANT
Mac-Chuideachta Nua na Bliana	David Cashman, Gréasán WellSchools	Scoil an Oideachais
Tionscadal Comhairliúcháin na Bliana	An Dr Louise Crowley	Scoil an Dlí
Gnólacht Nuathionscanta na Bliana	Shannen O'Reilly	TrustDish



Caidreamh Domhanda



Ba le linn bhliain iomlán na tuarascála seo a bhí an Leas-Uachtarán um Chaidreamh Domhanda, an tOllamh Ursula Kilkelly, i mbun a cúraim agus rinneadh dul chun cinn nach beag ar straitéis na hOllscoile, a bhaineann le caidreamh domhanda, a chur i bhfeidhm.

I ndiaidh próisis tagarmharcála le píar-ollscoileanna, deineadh athbhreithniú ar an Oifig um Chaidreamh Domhanda. Tá an Oifig freagrach as na Meáin agus an Chumarsáid; Margaíocht agus Tionchar an Bhranda; Ealaín agus Cultúr (ceapadh Oifigeach Ealaíon agus Cultúr nua, Sean Kelly, i mí Aibreáin 2024); UNIC, Comhghuaillíocht Ollscoileanna Eorpacha; Ionad Chonfúcias; Ollscoil Tearmainn; agus an Lárionad Teanga.

Forbraíodh an chéad *Phlean um Chaidreamh Domhanda* de chuid na hollscoile, a bhuí le comhairliúchán leathan le baill foirne, mic léinn agus páirtithe leasmhara. Bunaithe ar cheithre chuspóir – Feabhas Domhanda; Tionchar; Comhpháirtíocht; agus Saoránacht, tá se mar aidhm leis an bPlean seo peirspictíocht dhomhanda a ghlacadh i leith phríomhthosaíochtaí na hOllscoile d’fhonn éagsúlacht agus barr feabhais a chinntiú ó thaobh na dea-theiste idirnáisiúnta agus an champais de. Aithítear trí chumasóir sa Phlean – rialachas láidir agus comhtháite; samhail acmhainní nua; agus dea-shonraí – agus leagtar amach ann raon gníomhartha riachtanacha sa phlean feidhmithe a ghabhann leis chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Le linn na bliana, cuireadh an Plean i láthair ar an gcampas agus tá sé ag dul tríd an bpróiseas faofa deireanach.

Anuas air sin, toisc go bhfuil an Leas-Uachtarán um Chaidreamh Domhanda freagrach as comhpháirtíochtaí, soghluaisteacht agus earcú mac léinn idirnáisiúnta, chuathas i mbun oibre sa bhliain 2024 chun baill foirne ábhartha a aistriú ó Raonta Feidhme an Leas-Uachtaráin agus an Chláraitheora agus an Leas-Uachtaráin Foghlama agus Teagaisc go dtí an Oifig um Chaidreamh Domhanda chun foireann nua COC Domhanda a chruthú. Leantar leis an obair chun an próiseas aistrithe seo a fheabhsú agus chun an Oifig a bhunú ach próisis siúrtha agus mhaoirseachta nua a ghlacadh.

Athbhreithniú Cumarsáide agus Margaíochta

Tar éis an Oifig um Chaidreamh Domhanda a bhunú, choimisiúnaigh an Leas-Uachtarán um Chaidreamh Domhanda athbhreithniú ar oibríochtaí agus struchtúr na Cumarsáide agus na Margaíochta ar fud na hOllscoile chun go mbeadh ar chumas COC a chuid cuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh agus chun cur le dea-theist agus tionchar branda COC go seachtrach. Cuireadh an t-athbhreithniú sin i gcrích sa chéad leath den bhliain 2024 agus, mar aon le moltaí ó Thionscandal Athnuaithe Branda na hOllscoile, forbraíodh *Plean Cumarsáide na hOllscoile* agus *Plean Earcaíochta* ar leith.

Comhoibriú Domhanda

Anuas ar earcú mac léinn agus gníomhaíochtaí for-rochtana i ngach ceann de na cúig chríoch, chuathas ar roinnt mórthuras go dtí compháirtithe COC sa tSín, Meiriceá Thuaidh agus Meiriceá Laidineach le linn 2024. Chomh maith leis sin, chun cur le cuairt an Uachtaráin O’Halloran go dtí San Fransico ní ba luaithe sa bhliain, bhí an Leas-Uachtarán um Chaidreamh Domhanda mar chuid de thoscaireacht Chathair Chorcaí a chuaigh go dtí San Francisco i mí Márta 2024 chun 40 bliain de nascadh an dá chathair sin a chomóradh. Bhíothas in ann caidreamh a dhéanamh le alumni, ceannairí tionsclaíochta agus cainteanna comhpháirtíochta ardleibhéil a dhéanamh a bhuí leis an iliomad imeachtaí a réachtáladh in Oifig Chonsalachta na hÉireann le hArd-Chonsular Mícheál Smith chomh maith le cruinniú le Méara San Francisco agus cuairt ar Ollscoil California (Davis), comhpháirtí de chuid COC le fada an lá. Thug an Leas-Uachtarán cuairt freisin ar phríomh-chomhpháirtithe i Meiriceá Laidineach agus í ag freastal ar imeachtaí ceiliúrtha Lá Fhéile Pádraig i Sao Paulo na Brasaíle in éineacht leis an Aire Comhshaoil Eamon Ryan agus an tArd-Chonsal Eoin Bennis. Ba i rith an turais chéanna a síníodh nó a athnuadh comhaontuithe leis na hollscoileanna is fearr i Meiriceá Laidineach lena n-áirítear Ollscoil Sao Paulo, Tecnológico de Monterrey i Meicsiceo agus Universidad de Los Andes sa Cholóim. D’fhreastal baill foirne ó COC ar NAFSA an comhlacht is mó ar domhan a phléann le hoideachas agus malartú idirnáisiúnta i New Orleans mar ar bhuail siad le comhpháirtithe domhanda tábhachtacha chomh maith le hArd-Chonsal Robert Hull, atá lonnaithe in Austin, Texas.

Bronntaí Céimeanna

Bhronnamar céim ar 7,162 mac léinn le linn bhliain na tuarascála, agus bronnadh céimeanna oinigh ar James Corr, Lesley Buckley, Anne O’Leary agus Tomás McCarthy.

7,162 mac léinn ar bronnadh céim orthu



Ealaíona agus Cultúr

Mar chuid den athnuachan atá déanta againn ar ealaíona agus cultúr, cuireadh críoch leis an gcéad chlár Sócmhainní Ealaíon agus Cultúir dár gcuid agus reáchtáil COC an Oíche Chultúrtha ba mhó riamh – an chéad uair ag COC sraith imeachtaí chuimsitheach agus uile-ollscoile a sholáthar. Bhí COC ar an ngearrliosta le haghaidh dhá ghradam i nDámhachtainí bliantúla Gnó go hEalaíon, agus bhuaigh sé an gradam as Rochtain Chruthaitheach. Searmanas fíorthábhachtach é seo in earnáil na nEalaíon agus an Chultúir i gcoitinne agus é mar chabhair mhór dúinn díriú ar an ról a imrímid mar mhórphiléar na n-ealaíon náisiúnta agus na héiceolaíochta cultúrtha.

An Lárionad Teanga

Bhí bliain ní ba rathúla ná riamh ag an Lárionad Teanga le linn bhliain na tuarascála ó thaobh líon na mac léinn a chláraigh ar chúrsaí réamhsheisiúin. 74 ar fad a bhí ann (i gcomparáid le 30 in 2022/23), agus an chuid ba mhó díobh (88%) dob as an tSín iad.



Óstálann JP Quinn, Ceann na Seirbhísí do Chuaireoirí, Oifig na Margaíochta agus Thionchar an Bhranda, seisiún scéalaíochta na gcos inar léadh An Bheach in COC agus Crann in COC le linn na hOíche Cultúrtha.

Comhghuaillíocht na nOllscoileanna Eorpacha

Le linn bhliain na tuarascála ghlac Comhghuaillíocht na nOllscoileanna Eorpacha, UNIC, le Straitéis Taighde Ghafa arna forbairt ag COC agus bhunaigh sí trí ionad: Todhchaíochtaí na gCathracha (comhstiúrtha ag COC); Teagasc agus Foghlaim; agus Cothú Cumais. As an 170 ball foirne a bhfuil baint acu le UNIC ar fud an champais, bhain 23 díobh leas as maoiniú soghluaisteachta Erasmus+ chun taisteal go dtí ollscoileanna comhpháirtíochta UNIC le haghaidh teagaisc, seachtainí foirne nó postscathaithe. Tá COC ina chomhcheannaire ar UNIC i dtaca le 'Inbhuanaitheacht' agus 'Ealaíona Cultúr agus Cruthaitheacht' agus comhoibríonn sé sna réimsí tábhachtacha acadúla eile de chuid UNIC, ag forbairt scoileanna samhraidh, comhthionscnaimh teagaisc, CityLabs, Taighde Gafa agus tionscadail eile.

Cuireadh críoch leis an gcéad bhlian de chomhchlár Máistreachta de chuid UNIC RePIC (MSc in Athdhearadh na Cathrach Iarthionsclaíche) agus fuarthas 1,389 iarratas le haghaidh 2024. Cuirfear tús sa bhliain 2025 leis an



Síníú comhaontú Ollscoil São Paulo.

dara comhchlár, SEOS (MA in Olléagsúlacht in Oideachas, Eagraíochtaí agus Sochaí). Tháinig Tionsadal Taighde Ghafa UNIC (UNIC4ER, *Horizon* 2020, 2021-2024) chun críche, agus 52 tionscnamh taighde ghafa ar fud na comhghuaillíochta curtha i gcrích. Ceapadh an Leas-Uachtarán um Chaidreamh Domhanda in COC ina céad Chathaoirleach ar Chomhairle UNIC ina dtugtar le chéile mic léinn, baill foirne ghairmiúla agus acadúla, ionadaithe na gcathracha comhpháirtíochta uile chun comhairle a thabhairt mar gheall ar thoscaíochtaí straitéiseacha UNIC.

Plean Dhlúthpháirtíocht na Pailistíne

I mí Bealtaine 2024, d'aithin an Ollscoil roinnt mórthiomantas a bailíodh le chéile mar an Freagra seo againne ar Dhlúthpháirtíocht na Pailistíne. Orthu seo bhí an obair a deineadh chun dul i ngleic leis an Éigeandáil sa Phailistín chun bearta gearrthéarmacha tacaíochta a aithint, Meitheal na Pailistíne agus Iosrael, a bhfuil sé mar aidhm aici trédhearcacht a chinntiú inár gcuid nasc institiúideach le hollscoileanna sa réigiún agus réimse tacaíochtaí eile do mhic léinn agus scoláirí, tiomsú feasachta agus bearta chun cur le cumas.



Jennifer Chadwick, Ard-Chonsal na hÉireann, leis an Ollamh Ursula Kil Kelly, Leas-Uachtarán UCC um Rannpháirtíocht Dhomhanda, ag Ard-Chonsalacht na hÉireann i San Francisco.

Cuireann *Go Buan Feasta: Plean Straitéiseach COC 2023-2028* daoine i gcroílár gach a ndéanaimid agus sinn meáite ar *Phlean Daoine agus Cultúir* atá forásach agus ionchuimsitheach a chur i bhfeidhm.

Cruthaíodh an post nua, an tOifigeach Daoine agus Cultúir, chun cuspóirí straitéiseacha na gné seo a chur chun cinn agus thosaigh Ashley Flaherty sa ról seo i mí na Samhna 2023.

Agus é beartaithe *Plean Daoine agus Cultúir* forásach agus ionchuimsitheach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun ár Sárphoireann a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil, díriodh le linn na bliana ar éifeachtúlacht ár n-eagraíochta chun deimhin a dhéanamh de go bhfuilimid ullamh chun ár gcuid cuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh agus sinn inbhuanaithe ó thaobh cúrsaí airgeadais de. Tá obair na bliana mar thaca le tionscnaimh *Phlean Daoine agus Cultúir* a fhorbairt sna blianta amach romhainn.

Pleanáil um Lucht Saothair Straitéiseach

Tar éis scrúdú a dhéanamh ar an leagan amach seo againne chun Plean Straitéiseach COC a chomhlíonadh, cuireadh tús le cur chuige COC i leith na Pleanála um Lucht Saothair Straitéiseach chun a chinntiú go bhfuil an lucht saothair agus na scileanna cuí againn, in am is i dtrátha, ar phraghas réasúnta chun an Plean Straitéiseach a chomhlíonadh, ní hamháin inniu ach amach anseo leis. Curieadh tús leis an bPleanáil um Lucht Saothair Oibríochtúil le linn na bliana, agus sonraí airgeadais agus daoine curtha in oiriúint dá chéile fad is atá an cur chuige seo ag teacht chun cinn.

Éabhlóid Chultúrtha

Táimid tiomanta in COC do thimpeallacht a chruthú atá ar ardchaighdeán mar a bhfuil cultúr ionchuismitheach an Chomhionannais, na hÉagsúlachta agus na hIonchuimsitheachta le brath go láidir i dtreo is go mbeidh gach duine ar fud na hOllscoile ag baile anseo agus iad ag bláthú. Thugamar faoi Chéim Fionnachtana chun an cultúr agus na deiseanna reatha a thuiscint agus chun cur leo.

Ceannaireacht

D'fhonn Plean Straitéiseach COC a chomhlíonadh chomh maith leis na hathruithe agus na cuspóirí riachtanacha a eascraíonn as sin, ní mór ceannaireacht den chéad scoth a léiriú. Chun tacú le ceannaireacht den chéad scoth in COC agus chun an fhís agus an fuinneamh is gá a sholáthar ar mhaithe leis an bPlean Straitéiseach a chomhlíonadh, d'fhreastail Foireann Ceannais na hOllscoile ar Shainchlár Forbartha Ceannaireachta. Bhí sé mar aidhm leis sin, na buanna ceannaireachta aonair agus i gcomóna aithint chomh maith leis na gnéithe ar ghá a fhobairt a thuilleadh. Clár nach bhfuil tagtha chun deiridh is ea é seo agus beidh seisiún eile ar siúl sa bhliain 2025. Anuas air sin, d'fhreastail ní ba mhó ná 290 ceannaire ar Cláir Cheannaireachta éagsúla in COC ata mar chuid dár straitéis cheannaireachta. Is iad na sainchláir: Na Chéad Chéimeanna sa Bhainistíocht; Céimeanna Leanúnacha na Bainistíochta; Ceannairí Rathúla Foirne; Aurora; agus Ceannairí Reatha.

Ár nDaoine a Fhorbairt

Leamamid orainn ag cur le scileanna ár ndaoine agus le linn na bliana d'fhreastail ní ba mhó ná 2,259 ball foirne ar 156 ceardlann a cuireadh ar fáil chun tacú le foghlaim agus forbairt. Chuir Painéal Cóitseála COC ní ba mhó ná 350 u.a.c. ar fáil. Anuas ar deiseanna forbartha aonair, cuireadh cláir foirne ar fáil chomh maith mar thaca le riachtanais áitiúla.

156 ceardlann forbartha foirne

Folláine agus Forbairt na Foirne

Mar chuid dár n-éabhlóid chultúrtha, táimid tiomanta do chultúr na folláine a chothú ina dtacaítear lenár ndaoine agus ina gcruthaítear timpeallacht oibre atá slán agus sábháilte. D'fhreastail 1,697 ball foirne ar 69 seisiún foilláine le linn na bliana. Tá polasaithe nua saoil is oibre forbartha againn lena n-áirítear Saoire Foréigin Teaghlaigh, Saoire Chóireála Torthúlachta, Saoire Mháthairionadaíochta agus

Polasaí Meanapáis, chomh maith le seisiúin eolais mar thaca leo. Chuireamar tús le linn na bliana le sraith scagthaí sláine atá ar fáil trínár n-ardán Embark.

Dámhachtainí Fadseirbhíse

Tharla an 35ú Searmanas Dámhachtainí Fadseirbhíse i mí na Nollag 2023 ina bhfuair 24 ball foirne Gradam Fadseirbhíse. Aithníodh naonúr ball foirne as 35 bliain seirbhíse agus 55 ball foirne as 25 bliain seirbhíse. Deis is ea na dámhachtainí bliantúla seo chun aitheantas a thabhairt don obair shuntasach atá déanta ag baill foirne ar mhaithe leis an Ollscoil.

Dámhachtainí Aitheantais na Foirne

Tharla Dámhachtainí bliantúla Aitheantais na Foirne i mí Dheireadh Fómhair 2023. Searmanas Comhdámhachtainí bliantúil is ea é seo agus cuimsíodh Dámhachtainí Aitheantais Bhaill Foirne na gComhlachtaí Campais de chuid na hOifige um Ghnóthaí Corparáideacha agus Dílíthiúla an uair úd, ina n-aithnítear obair luachmar na mball foirne i bhfochuideachtaí atá ag feidmiú ar an gcampas ar mhaithe le pobal COC.

Taighde

Thar ceann an Údaráis um Ard-Oideachas (ÚAO), tá tús curtha ag COC le clár náisiúnta a sholáthar ar a dtugtar clár Odaisé, atá deartha aige féin, ina dtacaítear le mic léinn PhD i mbliain dheireanach na céime chomh maith le foireann taighde chun ullmhúcháin a dhéanamh le haghaidh gairmeacha éagsúla san Ardoideachas. Tá nasc díreach ann idir an clár agus *Tionchar 2030: Straitéis Taighde agus Nuálaíochta na hÉireann* de chuid Rialtas na hÉireann, agus é mar aidhm aige feabhas a chur ar chosáin gairmeacha isteach in earnálacha éagsúla, i dtreo is gur féidir le taighdeoirí agus céimithe dochtúireachta lántairbhe a bhaint as an tionchar a imreoidh siad san iliomad eagraíochtaí in Éirinn agus lasmuigh di fad is a bheidh a lánacmhainneacht á comhlíonadh acu. Go dtí seo, d'freastail 98 rannpháirtí ó shé ollscoil ar chlár COC.



Ár nÁit, Lorg Ár gCos



Campas Cónasctha go Digiteach

Oibríonn Seirbhísí TF chun tosaíochtaí straitéiseacha digiteacha COC a chur chun cinn trí **Mháistirphlean Digiteach COC**.

Claochlú Digiteach an Taighde

Ghnóthaigh an Oifig Taighde maoiniú €750k in aghaidh na bliana agus d'éirigh léi dul chun cinn suntasach a dhéanamh le linn na bliana ag tacú le ríomhaireacht ardfheidhmíochta ags seirbhísí taighde AI. Seoladh Bainisteoir an Oideachais Iarchéime i mí Mheán Fómhair 2024 agus cuirtear ar fáil do mhic léinn iarchéime agus baill foirne taighde turas taighde atá go hiomlán digitithe agus trédhearcach. Feabhsaíonn an córas seo éifeachtúlacht go mór agus deineann sé freastal ar níos mó ná 3,000 úsáideoir faoi láthair. Réiteach stórála taighde is ea *ResearchBox* ar cuireadh tús leis i mí Meithimh 2024, agus soláthraíonn sé réiteach cuí stórála atá sábháilte le haghaidh sonraí taighde ghníomhaigh. Roghnaíodh Pure mar Chóras Faisnéise Taighde nua de chuid COC sa bhliain 2024 agus déanfaidh foireann an tionscadail seo i Seirbhísí TF agus san Oifig Taighde an córas a chur i bhfeidhm sa bhliain 2025.

Rathúlacht na Mac Léinn

Rinneadh uasghrádú ar an teicneolaíocht i ní ba mhó ná 190 seomra teagaisc i gcaitheamh an tSamhraidh, ag cur le heispéireas an teagaisc agus le sábháilteacht ár gcuid teicneolaíochta teagaisc. Le linn na bliana, féachadh ar 14 mhilliún nóimead de léachtaí taifeadta, rud a thacaíonn le forbairt leanúnach dhearadh uilíoch na foghlama. I mí Márta 2024, reáchtáil Seirbhísí TF na Mac Léinn suirbhe ina bhfuarthas 473 freagra agus inar léiríodh go raibh 94% sásta le Seirbhísí TF na Mac Léinn in COC, agus léann 80% de na mic léinn ríomphoist Leideanna agus Nodanna TF na Mac Léann go rialta. Thuairiscigh 80% de fhreagróirí gurbh fhearr leo Leabharlann Boole le haghaidh na clódóireachta; dúirt 88% díobh go raibh an tairseach féinseirbhíse saoráideach; b'fhearr le 38% díobh a ngléasanna féin a úsáid ar stáisiúin nasctha ar an gcampas; b'fhearr le 33% díobh úsáid a bhaint as gléasanna a bhí curtha ar fáil; agus thuairiscigh 29% gur úsáideadar a ríomhairí glúine féin ag spás folamh deisce.

190 spás foghlama uasghrádaithe go digiteach

Caidreamh Domhanda

Forbraíodh *Data Lake* COC ó Thionscadal Chórais Riaracháin na Mac Léinn agus tá próiseáil déanta aige ar níos mó ná 4 mhilliún glaoc chórais uathoibríoch, rud a shábhálann an-chuid uaireanta oibre. Gach mí, cruthaíonn 500 úsáideoir 5,700 ceist agus tuairisc, agus tascanna á n-uathoibriú acu amhail earcú na mac léinn, tuairisceáin ÚAO, deaiseanna airgeadais, Príomtháscairí Feidhmíochta, agus tuairisciú ar phá ó thaobh inscne de.

Ár nDaoine

Reáchtáil an tlonad um Chomhairle Dhigiteach (DAC) 20 seisiún oiliúna beo ar fhreastail 664 ball foirne orthu. Cuireadh tús le Suaitheantas Digiteach M365 agus a thuilleadh agus tá sé curtha i gcrích ag 54 ball foirne in COC. Chuir foireann an tionscadail tús le céim 1 de chóras airgeadais COC, Agresso, a aistriú go dtí an néal. Tarlóidh an t-uasghrádú sin sa bhliain 2025. Faoi stiúir Foireann Fhócas COC, cuireadh feabhas ar phróiseas earcaithe na foirne agus rinneadh é a dhigitiú.

Ár gCampas Digiteach

Ar an meán, tharla 165 milliún eachtra chibearshlándála gach seachtain le linn na bliana, méadú de 400% i gcomparáid leis an mbliain roimhe. I mí Mheán Fómhair 2024, d'aistrigh Seirbhísí TF an tlonad Oibríochta Slándála go dtí ardán náisiúnta nua a dhéanann monatóireacht 24x7 arna thacú ag HEANET. D'óstáil Seirbhísí TF agus an Oifig um Ghnóthaí Corparáideacha agus Dlíthiúla ceardlanna do bhaill foirne acadúla agus seirbhísí lárnacha i mí Márta agus Bealtaine chun ailíniú a dhéanamh idir Pleanáil um Leanúnachas Gnó gach aonaid le cibear-fhreagra Sheirbhísí TF. I dtreo is go mbainfí lántairbhe as bainistiú gléasanna, tá níos mó ná 85% de ghléasanna digiteacha de chuid COC aistrithe go dtí an néal, rud a chuireann le leanúnachas gnó i gcás eachtra cibearshlándála. Pléadh le níos mó ná 1,000 ball foirne agus mac léinn le linn Mhí Feasachta na Cibearshlándála i mí Dheireadh Fómhair 2023 nuair a reáchtáladh imeachtaí agus seisiúin oiliúna chun feasacht Chibearshlándála a thiomsú.

1,000 ball foirne a ghlac páirt i seisiúin oiliúna agus imeachtaí Cibearshlándála



Forbairtí Caipitiúla

Tá Oifig na bhFoirgneamh agus na nEastát freagrach as eastát fisiciúil na hOllscoile a fhorbairt agus a chothabháil. Cuireadh stop le Forbairt Chaipitiúil in COC i mí na Nollag 2023 de dheasca dhúshláin airgeadais COC. Táthar ag súil go gcuirfear tús arís leis an gclár seo, lena n-áirítear tionscadail thábhachtacha (Tyndall, CUBS, Kane agus Scoil an Leighis ag Ospidéal na hOllscoile Corcaigh (CUH)), ach go dtiocfaidh feabhas ar an staid airgeadais. Tá sé beartaithe leis go ndéanfar athchóiriú ar Scoil na Fiaclóireachta ar Champas CUH agus go ndéanfar infheistiocht i saoráidí spóirt faoin aer arna maoiniú tar éis do mhic léinn vótá a chaitheamh le caipitíocht le déanaí.

Tá sprioc earnála poiblí ag COC chun astaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú 51% faoin mbliain 2030 agus chun éifeachtúlacht fuinnimh ár gcuid foirgneamh a fheabhsú ón sprioc 33% in 2020 go dtí 50% in 2030. Bhain COC leas as tacaíocht le haghaidh na spriocanna seo i gClár Pathfinder ÚAO agus SEAI. Cuireadh críoch rathúil le hoibreacha Chéim 1 le linn shamhradh 2023, agus lean oibreacha Chéim 2 ar aghaidh le linn shamhradh 2024. Baineann an dara céim de seo le hlarfheistiú Domhain an Ionaid Fiontraíochta (oibreacha ar ábhair an fhoirginimh agus suiteáil teaschaidéil), rud atá ag teacht chun críche anois. Ar thionscadail eile le linn na bliana, bhí suiteáil taischaidéil in Áras na Cógaisíochta agus roinnt tionscnamh mar chuid dár ngealltanais chreidiúnú ISO50001. Cinntíonn Oifig na bhFoirgneamh go ndéantar bonneagar fisiciúil na hOllscoile a chothabháil (arna thacú ag deontas cineachta bliantúil ón ÚAO). Ar chuid de mhiontionscadail chaipitiúla le déanaí bhí rochtain uilíoch agus uasghrádaithe ar na leithris in Áras Naomh Uinseann chomh maith le clár leanúnach d'uasghráduithe saotharlann.

Osclaíodh i mí Eanáir 2024, i gcomhar le Bon Secours, cosán siúlóide nua in aice na habhann a dhéanann ceangal idir Brú na Laoi agus Áras an Gheata Thiar. Bealach sábháilte agus taitneamhach is ea é seo a chruthaíonn

nasc idir an príomhchampas agus Áras an Gheata Thiar chomh maith le Láthair Eolaíochtaí Sláinte Ghort an tSrutháin. Cuireadh críoch le binse cuimhneacháin ar thailte íochtaracha champas COC i mí na Nollag 2024 atá mar áit inar féidir le baill foirne agus mic léinn machamh a dhéanamh agus cuimhneamh orthu siúd atá imithe romhainn. I gcuimhne ar mhic léinn, baill foirne agus alumni de chuid COC atá imithe, beidh an binse nua seo mar chuimhneachán agus comóradh buan ar a saol ar an gcampas agus é mar áit chun ómós a léiriú dá gcuimhne agus dá n-oidhreacht.



Tugadh faoi dhá mhórhuisirbhé ar sheomraí teagaisc fochéime agus saotharlanna le linn na bliana agus cuireadh tuairiscí faoi bhráid an ÚAO. Mar thoradh ar an obair chumaisc srl., tá úsáid an spáis ar an gcéad chloch ar ár bpaidrín agus sinn ag pleanáil romhainn.

Rinneadh athbhreithniú straitéiseach ar sholáthar iostas na mac léinn i gcomhpháirt leis an mBord um Iostas an Champais (CAUD). Ar na moltaí a d'eascair as seo, tá sé mar chuspóir 500 leaba bhreise do mhic léinn a bheith faoi chúram COC.

Todhchaí Inbhuanaithe a Chinntiú

I mí na Nollag 2023, tháinig COC sa 6ú háit ar fud an domhain i Rangú Ollscoileanna Domhanda *UI GreenMetric*, agus i mí Meithimh 2024, tháinig sé sa 6ú háit i Rangú Tionchair Times Higher Education. I mí Aibreáin 2024, bhíomar ar an gcéad ollscoil ar fud an domhain a d'ardaigh an cúigiú Brat Glas (arna bhronnadh ag an bhFondúireacht um Oideachas Comhshaoil).

D'éirigh le COC laghdú 32% a bhaint amach maidir le hastaíochtaí Gáis Ceaptha Teasa ó thaobh an teasa de (gás nádúrtha) agus bhí aibhléis ar aon dul, den chuid ba mhó, le leibhéal 2016-2018. Cuireadh críoch le hlarfheistiú Domhain an Ionaid Fiontraíochta i mí Mheán Fómhair 2024, rud a thugann ráta B1 BER don fhoirgneamh agus a laghadaíonn a chuid astaíochtaí carbóin níos mó ná 80%. Seachas COC, ní raibh aon chomhlacht eile san earnáil phoiblí a chuir clár in Oiliúint Cheannaireachta ar son na hAeráide dá chuid féin ar bun agus ar fáil (mí na Samhna 2023) mar fhreagra ar an bPlean náisiúnta ar son na hAeráide. D'éirigh linn chomh maith níos mó ná 2 mhilliún cupán aon uaire a shábháil ó cuireadh cosc ar chupáin aon uaire ar fud an champais i mí Eanáir 2023.

2 mhilliún cupán aon uaire sábháilte

32% mar laghdú ar Astaíochtaí Gáis Ceaptha Teasa

I mí na Samhna 2023, reáchtáladh den chéad uair Fóram na dTodhchaíochtaí Inbhuanaithe ar an gcampas in COC, agus d'fhreastail an tlar-Uachtarán Mary Robinson ar an bhfóram mar aoi speisialta. I mí na Nollag 2023, sheol COC toscaireacht go dtí cruinniú athraithe areáide COP28 na Náisiún Aontaithe; den chéad uair dhein COC cuid dá suaitheantais a athdháileadh ar thoscairí MAPA.

Chuir taighde san inbhuanaitheacht €14 mhilliún le hioncam bliantúil COC le linn na bliana. Ghnóthaigh taighdeoirí inbhuanaitheachta maoiniú le haghaidh tionscadail éagsúla lena n-áirítear Testbed Gaoithe ar Snámh COC arna chomhtháthú le Faireachlann Córais Fuinnimh, rud a chuireann le ceannaireacht COC ó thaobh an taighde de ar fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta. Shínigh COC Meabhrán Tuisceana le EirGrid i mí Mheán Fómhair 2024 chun cur lenár gcomhoibriú maidir leis an aistriú fuinnimh saoráideach, sábháilte agus tapaigh in Éirinn go dtí córas leictreachais astaíochtaí nialasacha a chinntiú arna chumhachtú ag fuinneamh gaoithe.

€14 mhilliún mar mhaoiniú ar taighde san inbhuanaitheacht

Comhartha den taighde iontach i gcúrsaí inbhuanaitheachta a bhí ar siúl in COC le linn bhliain na tuarascála ab ea líon na dtagairtí a deineadh do thaighdeoirí COC, mar shampla an chéad áit ar fud an domhain a ghnóthú in Google Scholar i dtrí thopaic inbhuanaitheachta: fuinneamh gaoithe amach ón gcósta, samhaltú fuinnimh agus breoslaí leictreacha.

D'imir taighdeoirí inbhuanaitheachta ó COC tionchar nach beag ar an tsochaí amhail leanáil agus daoine óga idir 8-16 a chumasú maidir le bithéagsúlacht, dhá imleabhar de Mheasúnú Athraithe Aeráide na hÉireann a stiúradh, eolas a chur faoi bhráid Choiste an Oireachtais a phléannle Gníomhú ar son na hAeráide, páirt a ghlacadh i nGrúpa Stiúrtha Chorcaí um Aeráid Neodrach arna bhunú ag Comhairle Cathrach Chorcaí agus eolas a thabhairt maidir le haistriú chóir i gcúrsaí talmhaíochta agus in úsáid na talún.

Léirigh Tionscadal Píolótach maidir le Suíomhanna Idirlín Inbhuanaithe, arna mhaoiniú ag an tSaotharlann Bheo, nuálaíocht

leanúnach COC sa chleachtas inbhuanaitheachta tráth ar dhein an Fhoireann um Ábhar Gréasáin na hOllscoile inbhuanaitheacht shuíomh idirlín a mheas, an tionchar comhshaoil agus sochaíoch a imríonn sé chomh maith leis an obair atá ar bun chun cleachtais inbhuanaitheachta, ó thaobh ábhair de, le haghaidh shuíomhanna idirlín de chuid COC a fhorbairt chun dul i ngleic leis an tionchar céanna. Le linn bhliain na tuarascála ghlac 12 roinn páirt sa tionscadal seo chun na cleachtais inbhuanaitheachta nua seo a chur i bhfeidhm agus tugadh faoi deara gur tháinig laghdú meánach 50% ar úsáid sonraí gach suímh. Léiríodh chomh maith gur tháinig feabhas meánach dhá ghrád litreach dá Ráta Carbóin Dhigitigh (ar nós BER ach le haghaidh suíomhanna idirlín). Leanfaidh an Fhoireann um Ábhar Gréasáin leis an obair chun cleachtais inbhuanaitheachta a leabú in oibríochtaí suíomhanna idirlín ar fud na hOllscoile.

Tháinig fás ar Ghréasán na hÉireann um Réitigh Forbartha Inbhuanaithe (SDSN), arna chomhóstáil ag COC agus Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, agus 14 institiúid páirteach ann anois ar dhá thaobh na teorann. I mí Aibreáin 2024, d'óstáil an gréasán an chéad imeacht i mBéal Feirste, Féile Ealíon agus Inbhuanaitheachta REACH '24. Anuas air sin, ghlac SDSN Éireann páirt i gCrúinniú Mullaigh na Todhchaí de chuid na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac i mí Mheán Fómhair 2024, lena n-áitear an t-imeacht oifigiúil ar leith a eagraíodh dar teideal 'Peace not War'.





Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

Comhionannas Inscne

Bronnadh gradaim Athena Swan ar Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí agus ar Scoil an Leighis le linn na bliana. Mar chuid de *Athena Swan* forbraíodh polasaithe nua mar gheall ar mháthairionadaíocht, torthúlacht, an meanapás agus altramas. Ghnóthaigh dhá roinn nua gradaim Athena Swan leis agus i mí na Samhna 2023, d'óstáil COC Searmanas Náisiúnta Bliantúil Athena Swan. Chun líon na gceannairí ban ar phortráidí a mhéadú, sheolamar glaoch oscailte ar ainmniúcháin mar chuid de Mhná ar na Fallaí de chuid Accenture COC i mí Iúil 2024 agus táimid ag súil le nochtheadh na bportráidí a roghnaíodh sa bhliain 2025. I mí na Nollag 2023, d'éirigh le COC maoiniú a fháil le haghaidh ENGAGE: Empowering New Generations, Advancing Gender Equality through Reverse Mentoring in Higher Education. Scéim nuálach í seo, arna maoiniú ag Ciste Feabhsaithe Comhionannais Inscne an ÚAO, 2023, a chuirfidh tionscnamh meantóireachta aisiompaithe i bhfeidhm i gceithre Institiúid Ardoideachais in Éirinn.

2 Roinn a bhfuil gradaim Athena Swan gnóthaithe acu

Gréasáin na Foirne

I mí Iúil 2024, sheolamar Gréasán nua Míchumais agus Néara-Éagsúlachta na Foirne, tar éis dúinn Gréasán na Foirne um Chomhionannas Ciníoch a sheoladh an bhliain roimhe.

Deireadh a chur le Ciapadh agus Foréigean Gnéasach

I mí Eanáir 2024, ceapadh Bainisteoir nua Coisc agus Freagrúlachta um Fhoréigean agus Ciapadh Gnéasach. I mí Márta 2024, faomhadh Polasaí agus Gnáthaimh nua um Mí-lompar Gnéasach, agus i mí Meithimh 2024 sheolamar tionscadal Slán Sábháilte chun feachtas a thionsú maidir le hiompar gnéasach atá dochrach, chun gnáthaimh tuariscithe, polasaithe agus seirbhísí tacaíochta a chur chun cinn.

Cúramóirí

D'óstáladar an taispeantas *"Fostering a Sense of Belonging for Higher Education Staff and Students with Caring Responsibilities: What Works"* i mí Feabhra 2024, rud a bhain le Soimpóisiam *Athena Swan* ón Uachtarán inar díriodh ar chúrsaí cúraim agus ina ndearnadh plé ar Leasú na gCúramóirí roimh reifrinn na hÉireann ar an Teaghlach agus Cúram i mí Márta 2024.

Tearmann

Dheinemar seacht Scoláireacht Tearmainn a thairiscint d'fhochéimithe nua in 2023/24. I mí Feabhra 2024, reáchtáladar don seachtú huair Seachtain na dTeifeach in COC agus sinn ag plé den chéad uair le UNHCR (Éire), Gníomhaireacht Teifeach na Náisiún Aontaithe agus a mbliainirís **Open Book Day: Celebrating Refugees in Education** á seoladh acu.

LADT

I mí Iúil 2024, ag Lé Chéile le Bród, imeacht bliantúil in COC, dhein Aonad CÉI comheagrú ar Ealtaí Bogha Báistí a chruthú in COC mar chuid de Bhród Chorcaí. Íomhá atá i gceist a léiríonn gach duine againn ag teacht le chéile go sioncrónach, agus sinn nasctha agus ullamh chun an radharc ar bhun na spéire a athrú i dtreo is go mbeidh cúrsaí ionchuimsitheach agus fáilitiúil amach anseo.

Oiliúint agus Oideachas

Chuireamar tús le dhá chlár oiliúna ar líne do mhic léinn le linn na bliana, TiLT: Cluiche na hOllscoile, cluiche ról-imeartha CÉI agus **Comhionannas agus Éagsúlacht do Mhic Léinn**, clár ar líne traidisiúnta. Tá Suaitheantas Digiteach á fhorbairt againn i gComhionannas, Éagsúlacht, Ionchuimsitheacht agus Muintearas, agus i mí na Samhna 2023, eisíodh tacar **Deich Nod le haghaidh Imeachtaí Ionchuimsitheacha**. Reáchtáladar ceardlanna Athena Swan, seisiúin eolais agus cúrsaí i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann do Thosnaitheoirí.

Comhairliúchán, Tiomsú Feasachta agus Imeachtaí

Dheineamar comheagrú ar Sheachtain Bhliantúil an Chomhionannais den seachtú huair as a chéile i gcomhar le pobal in COC agus lasmuigh de atá ag méadú. Rinneamar iarracht caidreamh níos gníomhaí a dhéanamh leis na mic léinn agus spriocfheachtais ar siúl againn chomh maith le caidreamh le Clubanna agus Cumainn ar *Instagram*. I mí Márta 2024, chuireamar tús leis an dara suirbhé ar Luachanna agus Cultúr na Foirne, agus i mí Meithimh 2024, reáchtáladar an chéad Tionól CÉI.





Alumni agus Forbairt



Rathúlacht Daonchairdis


In ainneoin na ngníomhaíochtaí a cuireadh ar ceal agus imní ón lucht tacaíochta i leith an easnaimh airgeadais, gnóthaíodh €13 mhilliún mar shíntiúis nua agus gealltanais le linn bhliain na tuarascála. A bhuí leis an daonchairdeas a fhaightear ó Fhondúireacht Ollscoile Chorcaí is féidir mórchuid tionscadal, atá faoi réir ag ár bPlean Straitéiseach, a chur ar bun. Mar shampla, fuarthas síntiúis ó Iontaobhais Daonchairdis, Cistí ar Chomhairle Deontóirí, Daoine Aonair agus caidreamh le Scéimeanna Tabhartais Gnólachtaí agus thacaíodar seo le taighde ar Ghalar Chron, Ailse, Micribhithóm agus Cearta Leanaí. Díol suntais nach beag ab ea bronntanas ón bhFondúireacht um Pairilis Cheirbreach do INFANT mar gur chinntigh sé maoiniú den mhéid céanna ó Chlár Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha SFI. Maoiníonn daonchairdeas tionscadail a bhaineann le Rathúlacht na Mac Léinn lena n-áirítear Clár Thréithe an Chéimí agus scoláireachtaí mar thaca le fiontraíthe, mná STEM agus mic léinn iarchéime. Tacaíonn daonchairdeas le 25% den chlár ROCHTAIN agus tacaíonn Scoláireachtaí Mary Barry Wall mar aon le Ciste Ardscoláireachtaí Daniel agus Margaret Cronin le mic léinn iarchéime a thagann ó chúlra atá faoi mhíbhuntáiste.

Cuid thábhachtach d'oidhreacht cheilte na hÉireann is ea na céadta leabhair lámhdhéanta agus lámhscríbhinní atá scríofa i nGaeilge agus a mhair ó na Meánaoiseanna síos go dtí an lá inniu. Tá ról nach beag ar bhonn idirnáisiúnta imeartha ag Pádraig Ó Macháin, Ollamh leis an Nua-Ghaeilge, ar thaighde speictrascópach agus micreascópach ar eilimintí ábhartha thraidisiún lámhscríbhinní na nGael. Ghnóthaíomar maoiniú ó Theaghlach McCarthy le haghaidh fearas IIspeictreach agus chun beirt mhac léinn iarchéime a fhostú go ceann ceithre bliana chun obair a dhéanamh ar ghabháil agus anailís íomhánna.



€13 mhilliún mar shíntiúis agus gealltanais nua

€2,856,833
a dáileadh mar seo a leanas



Feachtais Tiomsaithe Airgid

Roghnaíodh *More Partnership*, sárchomhlacht comhairleoireachta tiomsaithe airgid ardoideachais, chun tabhairt faoi staidéar féidearthachta sa chéad leath den bhliain 2025 chun tástáil a dhéanamh ar chuspóirí Tiomsaithe Airgid, ullmhacht na hinsititíúide agus deiseanna maoinithe ó dheontóirí féideartha le haghaidh tionscadail atá molta. Rinneadh uasdátú ar Bheartas Ainmniúcháin Shócmhainní na hOllscoile agus ar **an bPolasaí Tiomsaithe Airgid**; cruthaíodh samhail d'fhoirgneamh CUBS agus lean Superlative leis an bplé le Daonchairde atá lonnaithe i SAM; fuarthas dhá cheann de na sé shíntiús a theastaíonn le haghaidh fearais leighis trí Chlár IIP na Roinne Dlí agus Cirt. Fostaíodh Fondúireacht Chapel agus York, eintiteas 501(c)3, chun sintiúis bheaga ó mhóiriarratais alumni, atá éifeachtach ó thaobh cánach de, a chumasáil. **Chomhoibrich Fondúireacht Ollscoile Chorcaí** le Cistí Éireann in imeacht i gcuimhne ar an Dr Tony Reilly, agus chun mórdheontóirí bronnantas SAM a chothú. Cuireadh leis **an Tuairisc um Thionchar an Daonchairdis, 2022-23** agus le Lón na mBronntóirí agus gníomhaíochtaí maoirseachta curtha i bhfeidhm agus osclaíodh **Slí an Chaomhánaigh**, siúlóid cois abhainn agus cosán bitheolaíochta ar champas COC.

Caidreamh le Páirtithe Leasmhara

Dhein Deloitte urraíocht ar cheithre imeacht hibrideacha i Sraith na gCainteoirí Domhanda, agus mar cheiliúradh ar an 25ú Searmanas Dámhachtainí Gaiscí Alumni léiríomar ómós **do aon alumnas déag spreagúla**. Faoi réir ag Misean Trádála an Aire Harris i mí Feabhra 2024, d'óstálar imeacht do pháirtithe leasmhara in San Francisco roimh chomóradh 40 bliain nascadh an dá chathair, agus labhair an tAire ag caibidil alumni Bhostúin.

Nuair nach rabhthas in ann an fónatón a dhéanamh, cuireadh #GivingTuesday ar bun, Lá Domhanda an Daonchairdis ina bhfuarthas ní ba mhó ná 170 deontóir; agus i mí Márta 2024, tiomsaíodh airgead le haghaidh ghníomhaíochtaí CLG na mac léinn le linn imeacht a reáchtáladh in éineacht le Club Alumni CLG COC. Ghabhamar buíochas le 525 deontóir i gcomparáid le 359

deontóir an bhliain roimhe agus 271 in 2021/22. A bhui leis na deontóirí cuireadh binse cuimhneacháin in airde i gcuimhne ar alumni, baill foirne agus mic léinn a cailleadh go hóg; agus dhein **Ciste Alumni COC** deontais a dháileadh ar mheabhairshláinte na mac léinn, sábháilteacht na mac léinn, an spás déantúsaíochta agus faighneoga ciúnais i Leabharlann Boole.

D'fhreagair ní ba mhó ná 8,725 alumni suirbhé a bhain lena rogha bealaí cumarsáide, réimsí spéise, deiseanna oibre deonaí agus lena meon i leith bronnantas a thabhairt nó tiomnacht a fhágáil mar chuid dá n-uachtanna. Bhí na léargais seo mar bhonn eolais agus an Plean um Chaidreamh le Páirtithe Leasmhara á dhréachtadh agus é bunaithe ar shé thosaíocht agus cumasaithe ag ceithre Príomhtháscaire Feidhmíochta (lón na ndeontóirí alumni; cumarsáid ón dá thaobh; obair dheonach; agus imeachtaí/eispéiris).



Léiríodh ómós d'aon alumnas déag ag an 25ú Searmanas Dámhachtainí Gaiscí Alumni i mí na Samhna 2023.



Acmhainní agus Airgeadas



Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach - Radharc Comhdhlúite

	30/09/2024
	€'000
Deontas an Stáit	101,265
Táillí Acadúla	170,393
Deontais agus conarthaí taighde	120,946
Amúchadh dheontais chaipitil an stáit	11,564
Ioncam oibríochta eile	61,517
Ioncam úis	2,169
Ioncam infheistíochta	35
Maoiniú iarchurtha pinsean	58,316
Bronntanais agus dearlaicí	5,710
Ioncam iomlán	531,915
Costas seirbhíse foirne agus pinsin	321,729
Costais oibríochta eile	113,013
Costais pinsin agus úis eile	67,330
Dímheas/Amúchadh	25,026
Caiteachas Iomlán	527,098
Barrachas/(easnamh) roimh ghóthachain/caillteanais	4,817
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta	23
Brabús ar dhiúscairt infheistíochtaí	-
Gnóthachain/(caillteanas) ar infheistíochtaí	1,938
Barrachas/(easnamh) roimh chánachas	6,778

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach 2023/2024

Bliain dhúshlánach ach rathúil ó thaobh airgeadais de ab ea an bhliain 2024 do COC. Thuairiscigh Grúpa COC barrachas de €8.6m sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2024. Ar na príomhchúiseanna le barrachas an Ghrúpa bhí:

- Fás €12.3 milliún (14%) ar ioncam ó Dheontais Stáit a bhuí le tacaíocht Dhámhachtainí Pá an Rialtais.
- Fás €8 milliún (5%) ar ioncam ó Tháillí Acadúla a bhuí le líon, praghas agus meascán na mac léinn
- Fás €10.2 milliún (20%) ar ioncam Oibríochta Eile a bhuí ní hamháin le *Tionscadal Alpha* ach le dul chun cinn láidir na bhfochuideachtaí leis.
- Fás €1.6 milliún (287%) a bhuí le *Tionscadal Alpha* inar díriodh ar thoradh cistíochta a optamú.
- Laghdu €2.1 milliún (2%) ar Chostais Oibríochta Eile a bhuí le *Tionscadal Alpha*.
- Gnóthachan infheistíochta dar luach €1.9 milliún Chiste Iontaobhais na hOllscoile.

Le linn Bhliain Airgeadais 2023/24 cuireadh plean láidir i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an easnamh, *Tionscadal Alpha*, rud a chinntigh go bhfuil barrachas ag an Ollscoil anois. Dhein an fás láidir ar ioncam fás costas a fhritháireamh den chéad uair ó bhliain COVID 2020, agus tháinig dea-thoradh as sin. Tá freagraí polasaithe agus rialú inmheánach láidir leabaithe ag *Tionscadal Alpha*, rud chinntíonn go bhfillleann COC ar bharrachas inbhuanaithe san fhadtéarma. Leanann an Ollscoil le tús áite a thabhairt don taighde mar a léirítear san iliomad torthaí taighde le linn thréimhse na tuarascála. Tá an Ollscoil ag súil go mbeidh éifeacht i gcónaí ag an ngéarchéim costais maireachtála agus ag na dúshláin bhoilscithe ábhartha ar ghnéithe áirithe, ach ní chomh mór sin is a bhí sna blianta roimhe. D'éirigh thar barr le plean laghdaithe easnaimh, agus tá an Ollscoil muiníneach gur féidir léi torthaí airgeadais dearfacha a sholáthar, agus sinn ag cur lenár mbonneagar agus ár mbunús acmhainní, chomh maith lenár bplean straitéiseach a chur i bhfeidhm.

Méadú €52.3 milliún (11%) ar an mbliain roimhe a bhí ar an ioncam iomlán a sheas ag €531.9 milliún. Tháinig fás €12.3 milliún (14%) ar ioncam ó Dheontais Stáit a bhuí le tacaíocht Dhámhachtainí Pá an Rialtais. Tháinig fás €8 milliún (5%) ar ioncam ó Tháillí Acadúla a bhuí le líon, praghas agus meascán na mac léinn. Bliain rathúil eile a bhí i gceist le hioncam taighde le linn na bliana chomh maith agus méadú €1.8 milliún (2%) in aghaidh na bliana, rud a fhágann gur €120.9m an t-ioncam taighde ar an iomlán. Léirigh ioncam oibríochta eile dar luach €61.5 milliún méadú €10.2 milliún i gcomparáid leis an mbliain roimhe, a bhuí le hioncam a chruthú ar shlite eile san Ollscoil agus ina cuid fo-chuideachtaí. Mar thoradh air sin – ag deireadh na bliana 2024 bhí barrachas €6.8 milliún ar an ngrúpa ina iomláine.

Ráiteas ar an Staid Airgeadais

Ráiteas ar an Staid Airgeadais don Bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2024

	Comhdhlúite	
	2024	2023
	€'000	€'000
Sócmhainní Neamh-reatha		
Sócmhainní Seasta	673,792	684,396
Sóchmainní Doláimhsithe	8,231	8,156
Sóchmainní Oidhreachta	3,219	3,094
Infheistíochtaí i bhfochuideachaí	-	-
Infheistíochtaí	30,810	28,567
	716,052	724,213
Current Assets		
Fardal	701	500
Infháltais	70,172	53,909
Infheistíochtaí	50,728	15,726
Airgead sa Bhanc	122,604	134,706
	244,205	204,841
Cuntais Iníoctha: Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin	(329,136)	(343,368)
Glan-dlíteanais reatha	(84,931)	(138,527)
Sócmhainní iomlána lúide dlíteanais reatha	631,121	585,686
Cuntais Iníoctha: Méideanna a bheidh dlite tar éis bliana	382,850,	(347,418)
Dlíteanas sochair scoir	1,619,723	(1,383,565)
Sochar scoir infhála	1,613,336	1,380,403
Glan-sóchmainní iomlána	241,884	235,106
Cúlchiste srianta		
Ioncam agus caiteachas – cúlchiste srianta	28,972	25,079
Cúlchiste srianta		
Ioncam agus caiteachas – cúlchiste neamhsrianta	212,912	210,027
Iomlán	241,884	235,106



Glansócmhainní €241.9 milliún.



Staid airgid dar luach €173.3 milliún ag deireadh na bliana 2024 lena gcuimsítear táillí a íocadh roimh ré agus íocaíochtaí roimh ré ar mhaithe le Maoiniú Taighde agus Capitiúil.



Laghdú €9.1 milliún ar iasachtaí bainc in 2023/24.



In aghaidh na bliana, tháinig méadú €16.4 milliún ar infháltais atá (30%) níos airde ná an bhliain roimhe. A bhuí leis an bhfás ar infháltais Deontais Taighde den chuid is mó é seo.



Tháinig laghdú ó €343.4m go dtí €3.29.1m ar chuntais ioníochta atá dlite laistigh de bhliain amháin, méadú 4.1%. An phríomhchúis leis an laghdú seo ná an laghdú ar iasachtaí bainc gearrthéarmacha le linn 2024. Tá méadú tagtha ar dheontais agus conarthaí taighde réamhíochta de bharr amscála na n-íocaíochtaí a eascraíonn as gníomhaíochtaí taighde áirithe. Tháinig méadú go dtí €7.1m, ó €4.7m in 2023, ar chreidiúnaithe trádála. Is de bharr amscála na n-íocaíochtaí ó chreidiúnaithe trádála i dtreo dheireadh na bliana an méadú seo



Áirítear i Raiteas an tSoláthair Airgeadais - Cúlchistí Neamhshiranta cúlchistí athluachála FA de €134 milliún, deontais caipitiúla nach dtagann ón státchiste a bhaineann le FRS103 de €101 milliún - seach-churtha ag Cúlchistí Ioncaim/Ciste Iontaobhais agus Cúlchistí Fhondúireacht Ollscoile Chorcaí a sheasann ag €22 milliún ar fad.



Fo-Chuideachtaí



Fo-Chuideachtaí

Chuir **Iosatas an Champais, COC** le hiosatas na mac léinn agus anois tá 1,536 leaba tithíochta inacmhainne aige do mhic léinn Éireannacha agus idirnáisiúnta gar don champas, rud atá faoi réir ag tiomantas COC d'inrochtaineacht agus d'inhuanaitheacht. Cuireann Leapacha Samhraidh COC iostas gearrthéarmach ar fáil mar thaca le cláir samhraidh ag cur le hinhuanaitheacht airgdeadais na hOllscoile. Chuir Leapacha Samhraidh COC fáilte roimh 64,000 cuairteoir as 62 tír le linn Shamhradh 2024.

1,536 leaba do mhic léinn

Imríonn **Airéine na Muirdíge** ról lárnach i misean COC chun campas a chothú atá dinimiciúil, ionchuimsitheach agus sláintiúil. Le linn bhliain na tuarascála seoladh suíomh idirlín nua chun rochtain níos éifeachtúla ar eolas a chinntiú, agus mar sin d'éirigh le mic léinn leas níos fearr a bhaint as seirbhísí na hAiréine. Tugadh méadú suntasach faoi deara ar an gcaidreamh ar na meáin shóisialta le linn na bliana, rud a fhágann go bhfuil fás ag teacht ar thaobh digiteach na hAiréine. Tháinig méadú 376% ar an gcumarsáid ar Instagram agus bhain 64,000 duine úsáid as Facebook. Ceapadh Ambasadóir na Mac Léinn in Airéine na Muirdíge chun saoráidí, imeachtaí agus deiseanna a chur chun cinn i measc phobal na mac léinn. Dhein an Airéine 1,680 u.a.c. seisiún nirt agus aclaitha a sholáthar le linn na bliana do 341 club spóirt agus scothlúthchleasaí i measc na mac léinn, agus measadh gur thug amhlaidh €160k go díreach i seirbhísí. Cuireadh 4,125 u.a.c. gníomhaíochta ar fáil sa Halla Spóirt, ag tacú le raon leathan oiliúna agus imeachtaí do chlubanna spóirt COC.

Ghnóthaigh **Foras Bainistíochta na hÉireann agus Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí** an chéad áit in Éirinn as cáilíocht

na dáimhe teagaisc i Rangú Domhanda an Financial Times a fógraíodh i mí Bealtaine 2024. D'fhan sé sa 60ú háit sa chatagóir cháiliúil Custom (Domhanda) agus chuaigh sé isteach arís sa chatagóir Open (Domhanda) sa 67ú háit (cuimsítear sa chatagóir seo Staidéar Iarchéime nach Máistreacht é chomh maith le Rollú Oscailte).

D'éirigh an Bainisteoir Ginearálta i **Seirbhísí agus Saoráidí na Mac Léinn** as le linn na bliana agus ceapadh an Bainisteoir Airgeadais mar Bhainisteoir Ginearálta Eatramhach. Rinneadh athchóiriú iomlán ar Halla Devere in Áras na Mac Léinn. An láimhdeachas céanna a bhí ann ach bhí méaduithe beaga in áiteanna.

Chuir **Dánlann Glucksman** fáilte roimh ní ba mhó ná 100,000 cuairteoir le linn na bliana a d'fhreastail ar thasipeántais cheannródaíocha ar gníomhú ar son na haeráide, staidéar ar reiliúin agus daonnachtaí frémhacha, chomh maith le malartú cultúrtha le cathair Rennes atá nasctha le cathair Chorcaí. Bronnadh creidiúnú iomlán ar Dhánlann Glucksman ar Chlár um Chaighdeáin Músaem in Éirinn. Rinneadh caidreamh cruthaitheach leis na mílte páistí scoile ar fud na hÉireann sna cláir rochtana agus for-rochtana, agus cuireadh tionscnaimh speisialta ar bun do theifigh agus inimircigh, do theaghlaigh gan dídean agus don Lucht Taistil trí chlár nuálach an mhúsaeim mar Leabharlann Ealaíne.

100,000
Cuairteoir ar Dhánlann Glucksman

Ceapadh PFO nua ar **Acadamh COC** i mí na Nollag 2023. Rinneadh athbhreithniú ar phraghsáil Acadamh COC chun lánúsáid a chur chun cinn agus chun cistí a laghdú a bhí ag imeacht le soláthraithe seachtracha agus cuireadh próisis chomhdhála nua i bfeidhm a chuirfidh le heispéireas na gcustaiméirí.





Rialachas

Rialachas

Bunaíodh an tÚdarás Rialaithe (ÚR) nua: ceapadh Cathaoirleach nua; socraíodh próiseas tofa/roghnaithe do chúigear ball inmheánach; léirithe spéise do sheisear ball seachtrach nua; bunú coistí atá scilbhunaithe; agus Téarmaí Tagartha athbhretnithe do na coistí uile. Bunaíodh trí choiste nua: Straitéis Dhigiteach; Soláthar agus Ceannach; agus Sócmhainní Fisiciúla.

Ina theannta sin, d'aistrigh an Oifig um Ghnóthaí Corparáideacha agus Dlíthiúla go dtí an Cód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú le linn bhliain na tuarascála. A bhuí leis an Údarás Rialaithe, cruinnithe coistí ábhartha agus fochruinnithe d'éirigh linn dul i ngleic le mórcheisteanna a chinntíonn feidhmiú éifeachtach na hOllscoile go hoibríochtúil agus go straitéiseach, lena n-áirítear: Ráitis airgeadais dheireadh na bliana; Ráiteas Rialaithe Bliantúil; comhaontú maoirseachta ÚAO; Mac-Chuideachtaí; Cúrsaí táillí caipitíochta/teagaisc; agus Tuairisciú don Rialálaí Carthanas. Obair choimhdeach a bhaineann le ceapachán Stiúrthóirí ar mhac-chuideachtaí lena n-áirítear cláruithe CRO agus RBO.

Bainistíocht Riosca Fiontar (ERM)

Cuireann an deasc chabhrach ERM nua seirbhís níos éifechtúla agus níos comhtháite ar fáil a théann chun sochair custaiméirí. Faigheann an deasc chabhrach líon ard ceisteanna i gcónaí, agus rinneadh 1,351 iarratas le linn bhliain na tuarascála (thart ar 140 in aghaidh na míosa). Tá comhoibriú déanta againn agus lorgaíomar comhairle ó mhórán, ag leabú Sláinte agus Sábháilteachta agus ag cinntiú comhlíonadh dlíthiúil. Mar shampla: tháinig méadú ó 8 go dtí 23 ar líon na nlonadaithe Sábháilteachta, dhein Grúpa Stiúrtha na Ceimice 21 iniúchadh agus cuairt le Oifig an Leas-Uachtaráin Taighde agus Nuálaíochta chomh maith le 895 iniúchadh reachtúil ar fhearas oibre na hollscoile. Cuireadh tús le clár iniúchta sláinte agus sábháilteachta in áit Tuairisc Bhliantúil Sábháilteachta a dhéanamh agus cuireadh 37 iniúchadh i gcrích le linn bhliain na tuarascála.

Cuireadh tús leis an obair chun an próiseas um Bainistíocht Riosca a athchóiriú agus baineadh leas as modheolaíocht mheasúnaithe riosca cuachóige den chéad uair.

Comhlíonadh Dlíthiúil agus Faisnéise

D'oibrigh an fhoireann dhlíthiúil ar 888 ceist dlí agus dob iad taighde agus gnóthaí na mac léinn an dá réimse ba mhó tacaíocht. Cuireadh uasdatuithe reachtúla ar fáil orthu seo a leanas: Acht AI an AE; Acht na dTeangacha Oifigiúla; an tAcht chun Onnmhairí a Rialú; an tAcht Carthanas; NIS2 (Scéim Ghinearálta an Bhille um Chibearshlándaíl Náisiúnta). Dhírigh an t-aonad um Chartlanna na hOllscoile ar lánseirbhís cartlainne a athbhunú, cuireadh críoch leis an liosta feithimh agus thángthas i gcúnamh ar 14 taighdeoirí ag plé le 123 ceist.

Polasaithe

Rinneadh uasdatuithe cuimsitheacha ar na polasaithe seo a leanas: Cosaint Sonraí; Nochtaí; Treoir na Saorála Faisnéise le haghaidh cinnteoirí; agus Gnáthaimh Bhainistithe um Sháruithe Slándála Sonraí Pearsanta.

Oiliúint

Cuireadh seisiúin ionductaithe agus oiliúna ar fáil don ÚR, coistí agus Stiúrthóirí Mac-Chuideachtaí. D'fhreastail 906 ar fad ar chúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta, méadú 11% ar an mbliain roimhe, agus tháinig méadú 400% ar líon na ndaoine a d'fhreastail ar chúrsaí ríomhfhoghlama go dtí 7,200. Eagraíodh dhá cheardlann idirghníomhacha chun feacht a thiomsú agus chun cibear-riosca a mhaolú. Cuireadh Ceardlanna sa Bhainistíocht Riosca agus oiliúint saorála faisnéise ar fáil d'Fhoireann Ceannais na hOllscoile. Reáchtáladh cruinnithe móra ar GDPR agus cruthaíodh agus roinneadh físeáin ghearra ar Shaoráil Faisnéise agus ar Chosaint Sonraí.



Ballraíocht an Choiste Rialaithe

Cathaoirleach

An tUas Sean O'Driscoll

Inmheánach

An tOllamh John O'Halloran

Tofa go hInmheánach

An tOllamh Josephine Hegarty

An Dr Edward Lahiff

An tUas Brian Bugler

Roghnaíthe go hInmheánach

An tOllamh Geraldine Boylan

An tOllamh Stephen Byrne

Aontas na Mac Léinn*

An tUas Katie Halpin-Hill, Uachtarán

An tUas Alex Angland, An tOifigeach Tráchtála

agus Tiomsaithe Airgid

An tUas Shah Kamal, Ionadaí larchéime

Roghnaíthe go Seachtrach

An tUas Barbara Creagh

An tUas John Fitzgibbons

An tUas Sylvia Fouhy

An tUas Margaret Lane

An Dr Francis O'Sullivan

Roghnaíthe ag Aire

An tUas Rose McHugh

An tOllamh Maeve Conrick

An tOllamh Brendan O'Leary



*Ní rachaidh téarma oifige ionadaithe na mac léinn ar aghaidh níos faide ná bliain amháin.

Acht na dTeangacha Oifigiúla (ATO)

Cuimsítear den chéad uair i dTuarascáil an Uachtaráin in COC achoimre ar fheidhmiú ár ndualgas faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003 agus 2021) ina dtugtar cur síos ar ár gcuid oibre chun an reachtaíocht thábhachtach seo a chomhlíonadh

1. Tá Coláiste na hOllscoile Corcaigh meáite ar a chuid oibleagáidí faoi ATO a bhaint amach.
2. Tá an Rúnaí Corparáideach, an tUas Nora Geary, ceaptha chun maoirseacht a dhéanamh ar an dul chun cinn agus chun tuairisc a sholáthar ar oibleagáidí COC faoi ATO.
3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí comhlíontachta a rinne COC le linn 2023-24:
 - a. Cuireadh i gcrích agus seoladh ar ais ceistneoir agus suirbhé corparáideach na foirne a eisíodh i mí an Mhárta thar ceann na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.
 - b. Fuarthas gearán amháin mar gheall ar fhreagra uathoibríoch r-phoist. Socraíodh é seo chun sástachta an Choimisinéara Teanga.
 - c. Le linn 2023, tháinig oibleagáidí nua faoi alt 10A i bfheidhm maidir le cúrsaí fógraíochta sa Ghaeilge. I mí Márta 2024, chuir COC na tuairisceáin chuí faoi bhráid an Choimisinéara Teanga le haghaidh na bliana 2023. Leanann COC leis an gcaidreamh dearfach atá aige leis an gCoimisinéir Teanga i leith na comhlíontachta.
 - d. I mí Aibreáin 2024, chuir an Rúnaí Corparáideach páipéar faoi bhráid Fhoireann Ceannais na hOllscoile (FCO) maidir le ATO agus oibleagáidí na hOllscoile ina leith. D'fhaomh FCO go nglacfaí cur chuige bainistíochta tionscadail chun plé le comhlíontacht.
 - e. Cuireadh tús le próiseas measúnaithe mar bhonn eolais le plan gníomhaíochta in ord tosaíochta a thiomsú chun comhlíonadh a fheabhsú agus a bhaint amach agus cuirfear an plan sin i gcrích i mí na Samhna 2024.





Tuarisciú Áirithe ar na Meáin

Dar le hardán monatóireachta na meán *Vuelio*, luadh COC 20,408 uair sna meáin chlóite, ar líne agus chraoltóireachta le linn na bliana agus agus chlúdaigh seo 258 billiún. Meastar gur luach fógraíochta €34,928,080 é seo. An clúdach ar bhonn tíreolaíoch ná 50% ó chomhlachtaí meán in Éirinn, 18% ó SAM agus 16% ón Ríocht Aontaithe.

Ar bhuaicphointí na meán bhí:

- Mí na Samhna 2023:** D'fhreastail toscaireacht ó COC ar CPO 28 agus bhí na toscairí sin le feiceáil ar RTÉ, san *Irish Times*, san *Irish Examiner*, san *Irish Independent* agus i gcomhlachtaí meán eile. Deineadh nasc idir an feachtas seo agus feachtas bolscaireachta na meán ar Fhóram Thodhchaíochtaí Inbhuanaithe COC, mar a raibh an tIar-Uachtarán **Mary Robinson** ina príomhchainteoir, rud a luadh ar *RTÉ Brainstorm*.
- Mí na Nollag 2023:** Rangaíodh COC mar an séú hollscoil is fearr ó thaobh na timpeallachta de ar fud an domhain i Rangú Ollscoileanna Domhanda *UI GreenMetric* agus luadh é san eagrán clóite den *Irish Examiner* ar an 6 Nollaig agus in alt arlíne ar an [5 Nollaig](#).
- Mí Eanáir 2024:** Luadh ar *RTÉ*, san *Irish Times*, san *Irish Examiner*, san *Irish Independent* agus in áiteanna eile gur cheannaigh an Stát Bailiúchán Díl Bonar agus socraíodh go ndéanfaidh COC an chartlann a choimeád.
- Mí Feabhra 2024:** Pléadh sna meáin ar fud an domhain taighde an Dr Valentina Rossi a churthaigh gur brionnúchán is ea cuid den iontaise cháiliúil a aimsíodh sna hAlpa sa bhliain 1931. Bhí sé ar leathanach baile de *The Wall Street Journal*, agus is iad seo cuid de na heagraíochtaí a roinn an scéal nuachta seo leis: *CNN*, *The Washington Post*, *Forbes*, *National Geographic* agus *The Guardian*.
- Mí Márta 2024:** Bhí bronntaí céimeanna in COC ar an gcéad leathanach de *The Irish Examiner*, agus cuntais ann faoi Scoláire Seachtách Skylee Glass a thug cuairt ar shéadchomhartha na nAnamchairde agus Rachel Quaid, céimí COC, ag ceiliúradh lena páirtí in COC. Bronnadh céimeanna ar Scoláirí Seachtácha Éireannacha Skylee Glass agus Aurianna Jenwell Joines agus bhí tuairisc ar *The Irish Independent*.
- Mí Márta 2024:** Shroich foireann Pheil na mBan, COC, an craobh de Chorn Uí Choncúir den chéad uair ón mbliain 2017 agus bhí alt faoi ar *The Irish Examiner*

- Mí Mheán Fómhair 2024:** 56 bliain tar éis a bháis, bronnadh Máistreacht ar Michael Cowhig, íospartach na timpiste aeir a tharla ar an Tuscar agus scríobhadh faoi in *The Irish Examiner*.
- Mí Mheán Fómhair 2024:** Bhí **agallamh** agus **alt tuairimíochta** leis an Uas Sean O'Driscoll, Cathaoirleach Údaras Rialaithe COC, mar phríomhscéal ar *The Irish Examiner* ar an 9 Meán Fómhair. Labhair an tUas O'Driscoll ar *Newstalk* agus le Claire Byrne ar RTÉ, agus chruthaigh a chuid tuairimí díospóireacht náisiúnta ar an ábhar ar *Drivetime* ar RTÉ. Scríobhadh roinnt eagarfhocal ar an ábhar leis.



Kellyann Hogan, Abigail Ring, agus Aine O'Neill ó COC ag ceiliúradh agus craobh Chorn Uí Chonchúir sroichte ag an ollscoil den chéad uair ón mbliain 2017. Grianghraf le Stephen Marken/Sportsfile, *The Irish Examiner*, 08 Márta 2024.